**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0245/2023**

25.7.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear
Treoracha 2000/14/CE, 2006/42/CE, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE agus 2014/68/AE a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta éigeandála le haghaidh measúnú comhréireachta, glacadh sonraíochtaí coiteanna agus faireachas margaidh i ngeall ar éigeandáil sa Mhargadh Aonair
(COM(2022)0462 – C9-0313/2022 – 2022/0280(COD))

An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

Rapóirtéir: Andreas Schwab

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**CLÁR**

**Leathanach**


DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................161

IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR........................................................................................165

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH .......................................................166

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH......167

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2000/14/CE, 2006/42/CE, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE agus 2014/68/AE a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta éigeandála le haghaidh measúnú comhréireachta, glacadh sonraíochtaí coiteanna agus faireachas margaidh i ngeall ar éigeandáil sa Mhargadh Aonair (COM(2022)0462 – C9-0313/2022 – 2022/0280(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0462),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 91 agus 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0313/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Nollaig 2022[1],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an 8 Feabhra 2023[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0245/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[1] IO C 100, 16.3.2023, lch. 95.
[2] IO C 157, 3.5.2023, lch. 82.

Leasú 1

**Togra le haghaidh Treorach**
**Teideal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Togra le haghaidh | Togra le haghaidh |
| TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE | TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE |
| lena leasaítear Treoracha 2000/14/CE, ***2006/42/CE***, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE agus 2014/68/AE a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta éigeandála le haghaidh measúnú comhréireachta, glacadh sonraíochtaí coiteanna agus faireachas margaidh i ngeall ar éigeandáil sa Mhargadh ***Aonair*** | lena leasaítear Treoracha 2000/14/CE, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE agus 2014/68/AE a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta éigeandála le haghaidh measúnú comhréireachta, glacadh sonraíochtaí coiteanna agus faireachas margaidh i ngeall ar éigeandáil sa mhargadh ***inmhéanach*** |
| (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) | (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is é is aidhm do [cuir isteach tagairt do Rialachán ***SMEI***] gnáthfheidhmiú an Mhargaidh ***Aonair*** a áirithiú, lena n-áirítear saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine agus a ráthú go mbeidh earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime chomh maith le hearraí agus seirbhísí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus d’údaráis phoiblí le linn géarchéime ar fáil. | (1) Is é is aidhm do [cuir isteach tagairt do Rialachán IMERA] gnáthfheidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh*** a áirithiú, lena n-áirítear saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine agus ***a áirithiú*** go mbeidh earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime chomh maith le hearraí agus seirbhísí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus d’údaráis phoiblí le linn géarchéime ar fáil. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Leis an gcreat a bhunaítear le [cuir isteach tagairt do Rialachán ***SMEI***] leagtar síos bearta, ar cheart iad a imlonnú ar bhealach comhleanúnach, trédhearcach, éifeachtúil, comhréireach agus tráthúil, chun go gcuirtear cosc, maolú nó íoslaghdú ar an tionchar maidir le feidhmiú an Mhargaidh ***Aonair*** a ***d'fhéadfadh géarchéim a chruthú***. | (2) Leis an gcreat a bhunaítear le [cuir isteach tagairt do Rialachán ***IMERA***] leagtar síos bearta, ar cheart iad a imlonnú ar bhealach comhleanúnach, trédhearcach, éifeachtúil, comhréireach agus tráthúil, chun go gcuirtear cosc, maolú nó íoslaghdú ar an tionchar maidir le feidhmiú an mhargaidh ***inmhéanaigh a d'fhéadfadh géarchéim a chruthú***. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Le [cuir isteach tagairt do Rialachán ***SMEI***] leagtar síos sásra ilsrathach arb é atá ann pleanáil theagmhasach, ***modh*** forairdill agus ***modh*** éigeandála an ***Mhargaidh Aonair***. | (3) Le [cuir isteach tagairt do Rialachán ***IMERA***] leagtar síos sásra ilsrathach arb é atá ann pleanáil theagmhasach, ***modh*** forairdill agus ***modhanna*** éigeandála ***an mhargaidh inmheánaigh***. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Le [cuir isteach tagairt do Rialachán ***SMEI***] leagtar síos rialacha arb é is cuspóir dóibh saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine sa Mhargadh ***Aonair*** a choimirciú agus a áirithiú go mbeidh earraí agus seirbhísí a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo i gcás géarchéime freisin ar fáil. Tá feidhm ag [cuir isteach tagairt do Rialachán ***SMEI***] maidir le hearraí agus seirbhísí araon. | (4) Le [cuir isteach tagairt do Rialachán ***IMERA***] leagtar síos rialacha arb é is cuspóir dóibh saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine sa mhargadh ***inmheánach*** a choimirciú agus a áirithiú go mbeidh earraí agus seirbhísí a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo i gcás géarchéime freisin ar fáil. Tá feidhm ag [cuir isteach tagairt do Rialachán ***IMERA***] maidir le hearraí agus seirbhísí araon. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Chun bearta den sórt sin a chomhlánú, a gcomhsheasmhacht a áirithiú agus a n-éifeachtacht a fheabhsú tuilleadh, is iomchuí a áirithiú go bhféadfar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime dá dtagraítear in [cuir isteach tagairt do Rialachán ***SMEI***] a chur ar mhargadh an ***Aontais*** go pras chun rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar shuaitheadh agus le suaitheadh a mhaolú. | (5) Chun bearta den sórt sin a chomhlánú, a gcomhsheasmhacht a áirithiú agus a n-éifeachtacht a fheabhsú tuilleadh, is iomchuí a áirithiú go bhféadfar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime dá dtagraítear in [cuir isteach tagairt do Rialachán ***IMERA***] a chur ar an margadh ***inmheánach*** go pras chun rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar shuaitheadh agus le suaitheadh a mhaolú. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Le líon áirithe gníomhartha dlí earnála an Aontais, leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le dearadh, monarú, measúnú comhréireachta agus cur ar an margadh na dtáirgí sin. Áirítear ar na gníomhartha dlí sin Treoracha 2000/14/CE[41]***, 2006/42/CE[42]***, 2010/35/AE[43], 2013/29/AE[44], 2014/28/AE[45], 2014/29/AE[46], 2014/30/AE[47], 2014/31/AE[48], 2014/32/AE[49], 2014/33/AE[50], 2014/34/AE[51], 2014/35/AE[52], 2014/53/AE[53] agus 2014/68/AE[54] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Thairis sin, tá an chuid is mó de na gníomhartha dlíthiúla sin bunaithe ar phrionsabail an chur chuige nua maidir le comhchuibhiú teicniúil agus tá siad ailínithe freisin leis na forálacha tagartha a leagtar síos le Cinneadh 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón | (6) Le líon áirithe gníomhartha dlí earnála an Aontais, leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le dearadh, monarú, measúnú comhréireachta agus cur ar an margadh na dtáirgí sin. Áirítear ar na gníomhartha dlí sin Treoracha 2000/14/CE[41], 2010/35/AE[43], 2013/29/AE[44], 2014/28/AE[45], 2014/29/AE[46], 2014/30/AE[47], 2014/31/AE[48], 2014/32/AE[49], 2014/33/AE[50], 2014/34/AE[51], 2014/35/AE[52], 2014/53/AE[53] agus 2014/68/AE[54] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Thairis sin, tá an chuid is mó de na gníomhartha dlíthiúla sin bunaithe ar phrionsabail an chur chuige nua maidir le comhchuibhiú teicniúil agus tá siad ailínithe freisin leis na forálacha tagartha a leagtar síos le Cinneadh 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus |

| | |
|---|---|
| gComhairle[55]. | ón gComhairle[55]. |
| ___________________ | ___________________ |
| [41] Treoir 2000/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i ndáil le hastaíocht torainn sa chomhshaol ó threalamh atá le húsáid lasmuigh (IO L 162, 3.7.2000, lch. 1). | [41] Treoir 2000/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i ndáil le hastaíocht torainn sa chomhshaol ó threalamh atá le húsáid lasmuigh (IO L 162, 3.7.2000, lch. 1). |
| ***[42] Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (IO L 157, 9.6.2006, lch. 24).*** | |
| [43] Treoir 2010/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meitheamh 2010 maidir le brú-threalamh iniompartha agus lena n-aisghairtear Treoracha 76/767/CEE, 84/525/CEE, 84/526/CEE, 84/527/CEE agus 1999/36/CE ón gComhairle (IO L 165, 30.6.2010, lch. 1). | [43] Treoir 2010/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meitheamh 2010 maidir le brú-threalamh iniompartha agus lena n-aisghairtear Treoracha 76/767/CEE, 84/525/CEE, 84/526/CEE, 84/527/CEE agus 1999/36/CE ón gComhairle (IO L 165, 30.6.2010, lch. 1). |
| [44] Treoir 2013/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hearraí piriteicniúla a chur ar fáil ar an margadh (IO L 178, 28.6.2013, lch. 27). | [44] Treoir 2013/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hearraí piriteicniúla a chur ar fáil ar an margadh (IO L 178, 28.6.2013, lch. 27). |
| [45] Treoir 2014/28/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le pléascáin le haghaidh úsáidí sibhialta a chur ar fáil ar an margadh agus a mhaoirsiú (IO L 96, 29.3.2014, lch. 1). | [45] Treoir 2014/28/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le pléascáin le haghaidh úsáidí sibhialta a chur ar fáil ar an margadh agus a mhaoirsiú (IO L 96, 29.3.2014, lch. 1). |
| [46] Treoir 2014/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú ar dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hárthaí brú simplí a chur ar fáil ar an margadh (IO L 96, 29.3.2014, lch. 45). | [46] Treoir 2014/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú ar dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hárthaí brú simplí a chur ar fáil ar an margadh (IO L 96, 29.3.2014, lch. 45). |
| [47] Treoir 2014/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na | [47] Treoir 2014/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na |

mBallstát a bhaineann le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach (IO L 96, 29.3.2014, lch. 79).

[48] Treoir 2014/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le huirlisí neamh-uathoibríocha meáite a chur ar fáil ar an margadh (IO L 96, 29.3.2014, lch. 107).

[49] Treoir 2014/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le huirlisí tomhais a chur ar fáil ar an margadh (IO L 96, 29.3.2014, lch. 149).

[50] Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát i dtaca le hardaitheoirí agus le comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí (IO L 96, 29.3.2014, lch. 251).

[51] Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha chun úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh bheith pléascach (IO L 96, 29.3.2014, lch. 309).

[52] Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO L 96, 29.3.2014, lch. 357).

[53] Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62).

[54] Treoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na

mBallstát a bhaineann le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach (IO L 96, 29.3.2014, lch. 79).

[48] Treoir 2014/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le huirlisí neamh-uathoibríocha meáite a chur ar fáil ar an margadh (IO L 96, 29.3.2014, lch. 107).

[49] Treoir 2014/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le huirlisí tomhais a chur ar fáil ar an margadh (IO L 96, 29.3.2014, lch. 149).

[50] Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát i dtaca le hardaitheoirí agus le comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí (IO L 96, 29.3.2014, lch. 251).

[51] Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha chun úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh bheith pléascach (IO L 96, 29.3.2014, lch. 309).

[52] Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO L 96, 29.3.2014, lch. 357).

[53] Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62).

[54] Treoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na

hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le brú-threalamh a chur ar fáil ar an margadh (IO L 189, 27.6.2014, lch. 164).

[55] Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le comhchreat le haghaidh margú táirgí, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.8.2008, lch. 82).

hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le brú-threalamh a chur ar fáil ar an margadh (IO L 189, 27.6.2014, lch. 164).

[55] Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le comhchreat le haghaidh margú táirgí, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.8.2008, lch. 82).

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Ní fhoráiltear leis na forálacha tagartha a leagtar síos le Cinneadh Uimh. 768/2008/CE, ná leis na forálacha sonracha a leagtar síos i reachtaíocht earnála an ***Aontais*** um chomhchuibhiú maidir le nósanna imeachta atá ceaptha chun feidhm a bheith acu le linn géarchéime. Is iomchuí coigeartuithe spriocdhírithe ar na Treoracha sin a thabhairt isteach, arb é is aidhm dóibh freagairt do thionchair géarchéimeanna lena ndéantar difear do tháirgí a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus a chumhdaítear leis na Treoracha sin. | (7) Ní fhoráiltear leis na forálacha tagartha a leagtar síos le Cinneadh Uimh. 768/2008/CE, ná leis na forálacha sonracha a leagtar síos i reachtaíocht earnála an ***Aontais*** um chomhchuibhiú maidir le nósanna imeachta atá ceaptha chun feidhm a bheith acu le linn géarchéime. Is iomchuí coigeartuithe spriocdhírithe ar na Treoracha sin a thabhairt isteach, arb é is aidhm dóibh freagairt do thionchair géarchéimeanna lena ndéantar difear do tháirgí a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus a chumhdaítear leis na Treoracha sin. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Is léir ón taithí a fuarthas ó na géarchéimeanna roimhe seo a rinne difear don Mhargadh ***Aonair*** nach bhfuil na nósanna imeachta a leagtar síos sna | (8) Is léir ón taithí a fuarthas ó na géarchéimeanna roimhe seo a rinne difear don mhargadh ***inmheánach*** nach bhfuil na nósanna imeachta a leagtar síos sna |

| | |
|---|---|
| gníomhartha dlí earnála ceaptha chun freastal ar riachtanais na gcásanna freagartha géarchéime agus nach dtugann siad an tsolúbthacht rialála is gá. Is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le bunús dlí do nósanna imeachta freagartha géarchéime den sórt sin mar chomhlánú ar na bearta arna nglacadh faoi [cuir isteach tagairt don Rialachán ***SMEI***]. | gníomhartha dlí earnála ceaptha chun freastal ar riachtanais na gcásanna freagartha géarchéime agus nach dtugann siad an tsolúbthacht rialála is gá. Is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le bunús dlí do nósanna imeachta freagartha géarchéime den sórt sin mar chomhlánú ar na bearta arna nglacadh faoi [cuir isteach tagairt don Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Chun na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag suaitheadh ***ar*** an Margadh ***Aonair*** a shárú agus chun a áirithiú go gcuirfear earraí atá ábhartha i gcás géarchéime ar an margadh go pras, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le ceanglas ar na comhlachtaí um measúnú comhréireachta tosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta na dtáirgí sin thar aon iarratas atá ar feitheamh a bhaineann le táirgí***,*** nár ainmníodh mar tháirgí atá ábhartha i gcás géarchéime. | (9) Chun na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag suaitheadh ***ar*** an margadh ***inmheánach*** a shárú agus chun a áirithiú go gcuirfear earraí atá ábhartha i gcás géarchéime ar an margadh go pras, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le ceanglas ar na comhlachtaí um measúnú comhréireachta tosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta na dtáirgí sin thar aon iarratas atá ar feitheamh a bhaineann le táirgí, nár ainmníodh mar tháirgí atá ábhartha i gcás géarchéime. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Chuige sin, ba cheart nósanna imeachta éigeandála a leagan síos i dTreoracha 2000/14/CE, ***2006/42/CE***, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE agus 2014/68/AE. Níor cheart na nósanna | (10) Chuige sin, ba cheart nósanna imeachta éigeandála a leagan síos i dTreoracha 2000/14/CE, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE agus 2014/68/AE. Níor cheart na nósanna imeachta sin a bheith ar fáil ach |

imeachta sin a bheith ar fáil ach amháin tar éis an éigeandáil sa Mhargadh ***Aonair*** a ghníomhachtú agus i gcás ina n-ainmnítear earra sonrach a chumhdaítear leis na Treoracha sin mar earra atá ábhartha i ***gcás*** géarchéime i gcomhréir le [cuir isteach tagairt don Rialachán ***SMEI***].

amháin tar éis an éigeandáil sa mhargadh ***inmheánach*** a ghníomhachtú agus i gcás ina n-ainmnítear earra sonrach a chumhdaítear leis na Treoracha sin mar ***earra*** atá ábhartha i gcás géarchéime i gcomhréir le [cuir isteach tagairt don Rialachán ***IMERA***].

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Ina theannta sin, i gcásanna ina bhféadfadh an suaitheadh difear a dhéanamh do na comhlachtaí um measúnú comhréireachta nó i gcásanna nach leor na hacmhainní tástála le haghaidh na dtáirgí sin atá ábhartha i gcás géarchéime, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht do na húdaráis inniúla náisiúnta údarú eisceachtúil agus sealadach a dhéanamh ar tháirgí a chur ar an margadh, ar táirgí iad nach ndeachaigh faoi na gnáthnósanna imeachta um measúnú comhréireachta a cheanglaítear faoi reachtaíocht earnála ábhartha an ***Aontais*** faoi seach. | (11) Ina theannta sin, i gcásanna ina bhféadfadh an suaitheadh difear a dhéanamh do na comhlachtaí um measúnú comhréireachta nó i gcásanna nach leor na hacmhainní tástála le haghaidh na dtáirgí sin atá ábhartha i gcás géarchéime, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht do na húdaráis inniúla náisiúnta údarú eisceachtúil agus sealadach a dhéanamh ar tháirgí a chur ar an margadh, ar táirgí iad nach ndeachaigh faoi na gnáthnósanna imeachta um measúnú comhréireachta a cheanglaítear faoi reachtaíocht earnála ábhartha an ***Aontais*** faoi seach. ***Ba cheart go leanfadh an t-údarú do tháirgí a dheonaítear go heisceachtúil agus go sealadach de bheith bailí go ceann sé mhí tar éis modh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh a dhíghníomhachtú nó a dhul in éag, i gcás nach ndéanann sé difear ar bhealach ar bith do shláinte, do shábháilteacht agus do shlándáil na dtomhaltóirí. Tar éis na tréimhse sin, níor cheart go gcuirfear na táirgí ar fáil ar an margadh iad ach tar éis údarú a fháil faoin ngnáthnós imeachta um údarú dá bhforáiltear faoi rialacha infheidhme. Féadfar táirgí ar deonaíodh údarú eisceachtúil agus sealadach dóibh cheana féin a athúdarú faoin ngnáthnós imeachta údaraithe. Mar sin féin, féadfar leanúint de tháirgí nó de*** |

| | |
|---|---|
| | ***chomhpháirteanna a ceannaíodh cheana féin lena n-úsáid, nó atá in úsáid cheana féin, a úsáid gan údarú nua.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) A mhéid a bhaineann le táirgí a thagann faoi raon feidhme na dTreoracha sin a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime, ba cheart go mbeadh na húdaráis inniúla náisiúnta in ann, i gcomhthéacs éigeandála leanúnaí sa Mhargadh ***Aonair***, maolú ar an oibleagáid chun na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta sin a leagtar síos sna Treoracha sin a chur i gcrích, sna cásanna sin ina bhfuil rannpháirtíocht comhlachta faoina dtugtar fógra éigeantach agus inar cheart dóibh a bheith in ann údaruithe a eisiúint do na táirgí sin, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na buncheanglais sábháilteachta is infheidhme. Féadfar comhlíonadh na gceanglas substainteach sin a léiriú ar bhealaí éagsúla, lena bhféadfaí a áireamh tástáil a rinne na húdaráis náisiúnta ar shamplaí arna soláthar ag an monaróir a rinne iarratas ar údarú. Ba cheart tuairisc shoiléir a thabhairt ar na nósanna imeachta sonracha, a leanadh chun comhlíonadh agus torthaí na nósanna imeachta sin a léiriú, san údarú arna eisiúint ag an údarás inniúil náisiúnta. | (12) A mhéid a bhaineann le táirgí a thagann faoi raon feidhme na dTreoracha sin a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime, ba cheart go mbeadh na húdaráis inniúla náisiúnta in ann, i gcomhthéacs éigeandála leanúnaí sa mhargadh ***inmheánach***, maolú ar an oibleagáid chun na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta sin a leagtar síos sna Treoracha sin a chur i gcrích, sna cásanna sin ina bhfuil rannpháirtíocht comhlachta faoina dtugtar fógra éigeantach agus inar cheart dóibh a bheith in ann údaruithe a eisiúint do na táirgí sin, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na buncheanglais sábháilteachta is infheidhme ***agus go ndéanfar sábháilteacht na dtomhaltóirí agus na n-úsáideoirí deiridh a áirithiú go hiomlán.*** Féadfar comhlíonadh na gceanglas substainteach sin a léiriú ar bhealaí éagsúla, lena bhféadfaí a áireamh tástáil a rinne na húdaráis náisiúnta ar shamplaí arna soláthar ag an monaróir a rinne iarratas ar údarú. Ba cheart tuairisc shoiléir a thabhairt ar na nósanna imeachta sonracha, a leanadh chun comhlíonadh agus torthaí na nósanna imeachta sin a léiriú, san údarú arna eisiúint ag an údarás inniúil náisiúnta. ***Ba cheart feidhm a bheith ag prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh maidir leis na hearraí a chuirtear ar an margadh faoin maolú sin. Ba cheart don údarás inniúil náisiúnta an doiciméadacht theicniúil ábhartha a choinneáil chun comhlíonadh na rialacha is infheidhme a*** |

| | |
|---|---|
| | ***áirithiú. Ba cheart táirgí arna monarú le linn mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh, i gcás inar údaraíodh maolú ó na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, a bheith faoi réir na n-oibleagáidí inrianaitheachta ábhartha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2023/988 go háirithe na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 15(5) de.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) I gcás ina mbeidh méadú as cuimse ar an éileamh ar tháirgí áirithe i gceist le héigeandáil sa Mhargadh ***Aonair*** agus chun tacú le hiarrachtaí oibreoirí eacnamaíocha freastal ar an éileamh sin, is iomchuí tagairtí teicniúla a sholáthar, ar tagairtí iad a fhéadfaidh na monaróirí a úsáid chun earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a dhearadh agus a tháirgeadh, agus ar tagairtí iad a chomhlíonann na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta is infheidhme. | (13) I gcás ina mbeidh méadú as cuimse ar an éileamh ar tháirgí áirithe i gceist le héigeandáil sa mhargadh ***inmheánach*** agus chun tacú le hiarrachtaí oibreoirí eacnamaíocha freastal ar an éileamh sin, is iomchuí tagairtí teicniúla a sholáthar, ar tagairtí iad a fhéadfaidh na monaróirí a úsáid chun earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a dhearadh agus a tháirgeadh, agus ar tagairtí iad a chomhlíonann na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta is infheidhme. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Maidir le ***Treoir 2006/42/CE***, le Treoracha 2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/53/AE agus 2014/68/AE, ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta a bheith in ann a thoimhdiú, maidir le táirgí a mhonaraítear i gcomhréir le caighdeáin | (15) Maidir le Treoracha 2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/53/AE agus 2014/68/AE, ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta a bheith in ann a thoimhdiú, maidir le táirgí a mhonaraítear i gcomhréir le caighdeáin náisiúnta nó |

náisiúnta nó idirnáisiúnta de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012[56], lena n-áirithítear leibhéal cosanta atá coibhéiseach leis an leibhéal a thairgtear leis na caighdeáin Eorpacha chomhchuibhithe, go gcomhlíonann siad na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta ábhartha.

[56] IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

idirnáisiúnta de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012[56], lena n-áirithítear leibhéal cosanta atá coibhéiseach leis an leibhéal a thairgtear leis na caighdeáin Eorpacha chomhchuibhithe, go gcomhlíonann siad na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta ábhartha.

[56] IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Thairis sin, i dtaca le Treoracha ***2006/42/CE***, 2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE agus 2014/68/AE, ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún sonraíochtaí comhchoiteanna a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ar a bhféadfaidh na monaróirí brath chun tairbhe a bhaint as toimhde comhréireachta leis na buncheanglais is infheidhme. Ba cheart go leanfadh an gníomh cur chun feidhme lena leagtar síos sonraíochtaí coiteanna den sórt sin de bheith infheidhme ar feadh ré na héigeandála sa Mhargadh ***Aonair***. | (16) Thairis sin, i dtaca le Treoracha 2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE agus 2014/68/AE, ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún sonraíochtaí comhchoiteanna a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ar a bhféadfaidh na monaróirí brath chun tairbhe a bhaint as toimhde comhréireachta leis na buncheanglais is infheidhme. Ba cheart go leanfadh an gníomh cur chun feidhme lena leagtar síos na sonraíochtaí coiteanna sin de bheith infheidhme ar feadh ré na héigeandála sa mhargadh ***inmheánach***. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(17) I dtaca le Treoracha 2006/42/CE,*** | ***scriosta*** |

***2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE agus 2014/68/AE, in imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, go háirithe chun idir-inoibritheacht idir táirgí nó córais a áirithiú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann sonraíochtaí coiteanna a ghlacadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, lena leagfar síos sonraíochtaí teicniúla éigeantacha, a gceanglófar ar na monaróirí iad a chomhlíonadh. Ba cheart go leanfadh an gníomh cur chun feidhme lena leagtar síos sonraíochtaí coiteanna den sórt sin de bheith infheidhme ar feadh ré na héigeandála sa Mhargadh Aonair.***

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Dá bhrí sin, ba cheart Treoracha 2000/14/CE, ***2006/42/CE***, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE agus 2014/68/AE a leasú dá réir. | (20) Dá bhrí sin, ba cheart Treoracha 2000/14/CE, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE agus 2014/68/AE a leasú dá réir. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2000/14/CE
Airteagal 17a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach | 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach |

| | |
|---|---|
| mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 17b, 17c agus 17d den Treoir seo a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***23*** de [***Rialachán SMEI] lena ngníomhachtaítear Airteagal 226*** de [Rialachán ***SMEI***] ***i ndáil leis an Treoir seo.*** | mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 17b, 17c agus 17d den Treoir sin a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***14(5)*** de [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2000/14/CE
Airteagal 17a – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 17b, 17c agus 17d a thrasuí le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair***. | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 17b, 17c agus 17d a thrasuí le linn mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2000/14/CE
Airteagal 17a – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 17c(2), an dara fomhír, agus ag Airteagal 17c(5) le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair agus tar éis é a dhíghníomhachtú nó tar éis dó dul in éag.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**

Treoir 2000/14/CE
Airteagal 17a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún rialacha a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na gníomhaíochtaí leantacha atá le déanamh i ndáil le trealamh a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 17c. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19a(2).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2000/14/CE
Airteagal 17b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Próiseálfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar threalamh a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar tosaíochta. | 2. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** próiseáil a dhéanamh ar gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar threalamh a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar tosaíochta. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2000/14/CE
Airteagal 17b – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní bheidh aon chostas breise ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar | 4. Ní bheidh aon chostas breise ***urghnách*** ar na monaróirí, a thaisc na |

| | |
|---|---|
| thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar threalamh de bhun mhír 3. | hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar threalamh de bhun mhír 3. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2000/14/CE
Airteagal 17b – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Déanfaidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***a ndícheall*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil le trealamh a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ina leith. | 5. ***Déanfaidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***gach*** iarracht ***réasúnta a áirithiú*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil le trealamh a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ina leith. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2000/14/CE
Airteagal 17c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagal 14, féadfaidh ***aon*** údarás inniúil náisiúnta, ar iarratas a bhfuil údar cuí leis, a údarú go gcuirfear ar an margadh nó go gcuirfear i seirbhís laistigh de chríoch ***an*** Bhallstáit ***lena mbaineann*** trealamh sonrach dá dtagraítear in Airteagal 12 agus a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear ***in*** Airteagal 17a(1) agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear in Airteagal 14 curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sé na | 1. De mhaolú ar Airteagal 14, féadfaidh ***an*** t-údarás inniúil náisiúnta, ***tar éis measúnú riosca a dhéanamh***, ar iarratas a bhfuil údar cuí leis ***ó oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe ina Bhallstát***, a údarú go gcuirfear ar an margadh nó go gcuirfear i seirbhís laistigh de chríoch an Bhallstáit ***sin*** trealamh sonrach dá dtagraítear in Airteagal 12 agus a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in ***Airteagal 17a(1)*** agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear in Airteagal 14 curtha i gcrích ina leith ag |

| | |
|---|---|
| ceanglais uile is infheidhme maidir le hastaíocht torainn sa chomhshaol atá ***sa Treoir seo***. | comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sé na ceanglais uile is infheidhme maidir le hastaíocht torainn sa chomhshaol ***atá sa Treoir seo***. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2000/14/CE
Airteagal 17c – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfaidh an monaróir gach beart réasúnta a úsáid freisin chun a áirithiú nach bhfágfaidh an trealamh, ar deonaíodh údarú dó de bhun mhír 1, críoch an Bhallstáit a dheonaigh an t-údarú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2000/14/CE
Airteagal 17c –mír 3 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach leis na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an trealamh a chur ar an margadh nó a chur i seirbhís, lena n-áirítear: | 3. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach leis na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an trealamh a chur ar an margadh nó a chur i seirbhís, lena n-áirítear ***ar a laghad***: |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2000/14/CE
Airteagal 17c – mír 3 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, nach féidir a bheith níos déanaí ná an lá deireanach den tréimhse ar ghníomhachtaíodh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** ina leith; | (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe***, mura sonraítear a mhalairt***, nach mbeidh níos déanaí ná lá deireanach na tréimhse ar gníomhachtaíodh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** ina leith; |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2000/14/CE
Airteagal 17c – mír 3 – pointe e a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) ceanglais lipéadaithe, lena n-áirítear sainaithint radaimhinicíochta, lena léirítear gur údaraíodh an trealamh faoi mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2000/14/CE
Airteagal 17c – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 17a(3), ***an chéad fhomhír,*** i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ar choinníollacha ***an údaraithe*** dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair freisin***. | 4. De mhaolú ar Airteagal 17a(3), i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ***freisin*** ar na coinníollacha ***agus na ceanglais*** dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2000/14/CE
Airteagal 17c – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***De mhaolú ar Airteagail 6 agus 11, trealamh ar deonaíodh údarú ina leith i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, ní bhainfidh sé tairbhe as saorghluaiseacht ar fud an Aontais agus ní bheidh marcáil CE air. Níl sé de cheangal ar na húdaráis um fhaireachas margaidh bailíocht údaruithe arna n-eisiúint ag údaráis náisiúnta inniúla de chuid Ballstáit eile a aithint.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2000/14/CE
Airteagal 17c – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le trealamh den sórt sin. | 6. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le trealamh den sórt sin. ***Coinneoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na taifid uile a bhaineann le táirgí arna n-údarú faoi mhaolú go ceann tréimhse 10 mbliana. Cuirfidh siad na taifid sin ar fáil d'údaráis eile um fhaireachas margaidh arna iarraidh sin.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**

Treoir 2000/14/CE
Airteagal 17c – mír 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Le cur i bhfeidhm Airteagail 17a go 17d agus le húsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní ***dhéantar*** difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 14 ***ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann***. | 8. Ní ***dhéanfaidh*** cur i bhfeidhm Airteagail 17a go 17d ná úsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal sin difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 14. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2000/14/CE
Airteagal 17c – mír 8a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Leanfaidh trealamh atá faoi réir maolaithe de bheith bailí go ceann sé mhí tar éis dheireadh an dhíghníomhachtaithe nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh. Tar éis na tréimhse sin, ní chuirfear ar fáil ar an margadh iad ach tar éis údarú a fháil faoin ngnáthnós imeachta um údarú dá bhforáiltear sa Treoir seo.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2000/14/CE
Airteagal 17d – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Déanfaidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***a ndícheall*** chun cúnamh a chur ar fáil d'údaráis faireachais | 2. ***Áiritheoidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***go ndéanfar gach*** iarracht ***réasúnta*** chun cúnamh a chur ar |

| | |
|---|---|
| margaidh eile le linn éigeandála sa Mhargadh ***Aonair***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh trealamh, a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime. | fáil d'údaráis faireachais margaidh eile le linn éigeandála sa mhargadh ***inmheánach***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh trealaimh, a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***[…]*** | ***scriosta*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2010/35/AE
Airteagal 33a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 33b, 33c agus 33d den Treoir seo a thrasuí ach amháin más rud e gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***23*** de ***[Rialachán SMEI] lena ngníomhachtaítear Airteagal 26 de [Rialachán SMEI***] ***i ndáil leis an Treoir seo.*** | 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 33b, 33c agus 33d den Treoir sin a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***14(5)*** de [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2010/35/AE
Airteagal 33a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 33b, 33c agus 33d a thrasuí le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair***. | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 33b, 33c agus 33d a thrasuí le linn mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2010/35/AE
Airteagal 33a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 33c(2), an dara fomhír, agus ag Airteagal 33c(5) le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair agus tar éis é a dhíghníomhachtú nó tar éis dó dul in éag.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2010/35/AE
Airteagal 33a – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún rialacha a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na gníomhaíochtaí leantacha atá le déanamh i ndáil le brú-threalamh iniompartha a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 33c. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a*** | ***scriosta*** |

***ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 38a(2).***

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2010/35/AE
Airteagal 33b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Próiseálfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar bhrú-threalamh iniompartha a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar tosaíochta. | 2. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** próiseáil a dhéanamh ar gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar bhrú-threalamh iniompartha a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar tosaíochta. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2010/35/AE
Airteagal 33b – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní bheidh aon chostas breise ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d’iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar bhrú-threalamh iniompartha de bhun mhír 3. | 4. Ní bheidh aon chostas breise ***urghnách*** ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d’iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar bhrú-threalamh iniompartha de bhun mhír 3. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2010/35/AE
Airteagal 33b – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Déanfaidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***a ndícheall*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil le brú-threalamh iniompartha a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ina leith. | 5. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach*** iarracht ***réasúnta*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil le brú-threalamh iniompartha a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ina leith. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2010/35/AE
Airteagal 33c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagal 12, féadfaidh ***aon*** údarás inniúil náisiúnta, ar iarratas a bhfuil údar cuí leis, a údarú go gcuirfear ar an margadh laistigh de chríoch ***an*** Bhallstáit ***lena mbaineann*** brú-threalamh iniompartha sonrach a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear in Airteagal 12 curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sé na ceanglais uile is infheidhme a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2008/68/CE agus sa Treoir seo. | 1. De mhaolú ar Airteagal 12, féadfaidh ***an*** t-údarás inniúil náisiúnta, ***tar éis measúnú riosca a dhéanamh***, ar iarratas a bhfuil údar cuí leis ***ó oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe ina Bhallstát***, a údarú go gcuirfear ar an margadh laistigh de chríoch an Bhallstáit ***sin***, brú-threalamh iniompartha sonrach a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear in Airteagal 12 curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sé na ceanglais uile is infheidhme a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2008/68/CE agus sa Treoir seo. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2010/35/AE
Airteagal 33c – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Dearbhóidh monaróir, ***allmhaireoir, dáileoir agus úsáideoir*** brú-threalaimh iniompartha atá faoi réir an nós imeachta um údarú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, dá fhreagracht féin, go gcomhlíonann an brú-threalamh iniompartha lena mbaineann na ceanglais uile is infheidhme a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2008/68/CE agus sa Treoir seo agus beidh sé freagrach as na nósanna imeachta uile um measúnú comhréireachta arna sonrú ag an údarás inniúil náisiúnta a chomhlíonadh. | Dearbhóidh monaróir brú-threalaimh iniompartha atá faoi réir an nós imeachta um údarú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, dá fhreagracht féin, go gcomhlíonann an brú-threalamh iniompartha lena mbaineann na ceanglais uile is infheidhme a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2008/68/CE agus sa Treoir seo agus beidh sé freagrach as na nósanna imeachta uile um measúnú comhréireachta arna sonrú ag an údarás inniúil náisiúnta a chomhlíonadh. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2010/35/AE
Airteagal 33c – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfaidh an monaróir, an t-allmhaireoir, an dáileoir agus an t-úsáideoir gach beart réasúnta a úsáid freisin chun a áirithiú nach bhfágfaidh an brú-threalamh iniompartha, ar deonaíodh údarú dó de bhun mhír 1, críoch an Bhallstáit a dheonaigh an t-údarú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2010/35/AE
Airteagal 33c –mír 3 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Aon ***saincheisteanna*** údaraithe a eiseoidh údarás inniúil náisiúnta de bhun | 3. Aon údarú ***arna eisiúint ag*** údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar |

| | |
|---|---|
| mhír 1, leagfar amach ann na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an trealamh a chur ar an margadh nó a chur i seirbhís, lena n-áirítear: | amach ann na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar brú-threalamh iniompartha a chur ar an margadh nó a chur i seirbhís, lena n-áirítear ***ar a laghad***: |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2010/35/AE
Airteagal 33c – mír 3 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, nach féidir a bheith níos déanaí ná an lá deireanach den tréimhse ar ghníomhachtaíodh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** ina leith; | (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, ***mura sonraítear a mhalairt***, nach mbeidh níos déanaí ná lá deireanach na tréimhse ar gníomhachtaíodh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** ina leith; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2010/35/AE
Airteagal 13 – mír 3 – pointe e a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) ceanglais lipéadaithe, lena n-áirítear sainaithint radaimhiniciochta, lena léirítear gur údaraíodh an brú-threalamh iniompartha faoi mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh.*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2010/35/AE
Airteagal 33c – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 33a(3), ***an*** | 4. De mhaolú ar Airteagal 33a(3), i |

| | |
|---|---|
| ***chéad fhomhír***, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ar choinníollacha ***an údaraithe*** dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair freisin***. | gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ***freisin*** ar na coinníollacha ***agus na ceanglais*** dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2010/35/AE
Airteagal 33c – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***De mhaolú ar Airteagail 14 agus 16, brú-trealamh iniompartha ar deonaíodh údarú ina leith i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, ní fhágfaidh sé críoch an Bhallstáit a dheonaigh an t-údarú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2010/35/AE
Airteagal 33c – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le brú-trealamh iniompartha den sórt sin. | 6. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le brú-trealamh iniompartha den sórt sin. ***Coinneoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na taifid uile a bhaineann le táirgí arna n-údarú faoi mhaolú go ceann tréimhse 10 mbliana. Cuirfidh siad na taifid sin ar fáil d'údaráis eile um fhaireachas margaidh*** |

| | |
|---|---|
| | ***arna iarraidh sin.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2010/35/AE
Airteagal 33c – mír 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Le cur i bhfeidhm Airteagail 33a go 33d agus le húsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní ***dhéantar*** difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 12 ***ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann***. | 8. Ní ***dhéanfaidh*** cur i bhfeidhm Airteagail 33a go 33d ná úsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal sin difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 12. |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2010/35/AE
Airteagal 33c – mír 8 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Leanfaidh brú-threalamh iniompartha atá faoi réir maolaithe faoi mhír 1 de bheith bailí go ceann sé mhí tar éis dheireadh an dhíghníomhachtaithe nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh. Tar éis na tréimhse sin, ní chuirfear ar fáil ar an margadh iad ach tar éis údarú a fháil faoin ngnáthnós imeachta um údarú dá bhforáiltear sa Rialachán seo.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1**

Treoir 2010/35/AE
Airteagal 33d – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfaidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***a ndícheall*** chun cúnamh a chur ar fáil d'údaráis faireachais margaidh eile le linn éigeandála sa Mhargadh ***Aonair***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh brú-trealaimh iniompartha, a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime. | ***Áiritheoidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***go ndéanfar gach*** iarracht ***réasúnta*** chun cúnamh a chur ar fáil d'údaráis faireachais margaidh eile le linn éigeandála sa mhargadh ***inmheánach***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh brú-trealaimh iniompartha, a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 42b go 42g den Treoir seo a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***23*** de [***Rialachán SMEI] lena ngníomhachtaítear Airteagal 26 de [***Rialachán ***SMEI***] ***i ndáil leis an Treoir seo***. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 42b go 42g den Treoir sin a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***14(5)*** de [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 42b go 42g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair***. | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 42b go 42g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún rialacha a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na gníomhaíochtaí leantacha atá le déanamh i ndáil le hearraí piriteicniúla a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagail 42c go 42f. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(3).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Próiseálfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar earraí piriteicniúla a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar tosaíochta. | 2. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** próiseáil a dhéanamh ar gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar earraí piriteicniúla a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar |

| | |
|---|---|
| | tosaíochta. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42b – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní bheidh aon chostas breise ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d’iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar earraí piriteicniúla de bhun mhír 3. | 4. Ní bheidh aon chostas breise ***urghnách*** ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d’iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar earraí piriteicniúla de bhun mhír 3. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42b – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Déanfaidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***a ndícheall*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil le hearraí piriteicniúla a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ina leith. | 5. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil le hearraí piriteicniúla a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ina leith. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagal 17, | 1. De mhaolú ar Airteagal 17, |

| | |
|---|---|
| féadfaidh ***aon*** údarás inniúil náisiúnta, ar iarratas a bhfuil údar cuí leis, a údarú go gcuirfear ar an margadh laistigh de chríoch ***an*** Bhallstáit ***lena mbaineann*** earra piriteicniúil sonrach a ainmníodh mar earra atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear in Airteagal 17 curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sé na buncheanglais sábháilteachta uile is infheidhme. | féadfaidh ***an*** t-údarás inniúil náisiúnta, ***tar éis dó measúnú riosca a dhéanamh***, ar iarratas a bhfuil údar cuí leis a fháil ***ó oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe ina Bhallstát***, a údarú go gcuirfear ar an margadh laistigh de chríoch an Bhallstáit ***sin*** earra piriteicniúil sonrach a ainmníodh mar earra atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear in Airteagal 17 curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sí na buncheanglais sábháilteachta uile is infheidhme. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42c – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Déanfaidh an monaróir gach beart réasúnta a úsáid freisin chun a áirithiú nach bhfágfaidh an t-earra piriteicniúil, ar deonaíodh údarú dó de bhun mhír 1, críoch an Bhallstáit a dheonaigh an t-údarú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42c –mír 4 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach leis na coinníollacha agus na | 4. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach leis na coinníollacha agus na |

| | |
|---|---|
| ceanglais faoina bhféadfar an t-earra piriteicniúil a chur ar an margadh, lena n-áirítear: | ceanglais faoina bhféadfar an t-earra piriteicniúil a chur ar an margadh, lena n-áirítear ***ar a laghad***: |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42c – mír 4 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tuairisc ar na nósanna imeachta, trínar léiríodh go rathúil go gcomhlíontar na buncheanglais sábháilteachta is infheidhme atá sa Treoir seo; | (a) tuairisc ar na nósanna imeachta, trínar léiríodh go rathúil go gcomhlíontar na buncheanglais sábháilteachta is infheidhme atá sa Treoir ***seo***; |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42c – mír 4 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, nach féidir a bheith níos déanaí ná an lá deireanach den tréimhse ar ghníomhachtaíodh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** ina leith; | (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, ***mura sonraítear a mhalairt,*** nach mbeidh níos déanaí ná lá deireanach na tréimhse ar gníomhachtaíodh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** ina leith; |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42c – mír 4 – pointe e a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) ceanglais lipéadaithe, lena n-áirítear sainaithint radaimhinicíochta, lena léirítear gur údaraíodh an t-earra*** |

***piriteicniúil faoi mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh.***

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42c – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. De mhaolú ar Airteagal 42a(3), ***an chéad fhomhír***, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ar choinníollacha ***an údaraithe*** dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair freisin***. | 5. De mhaolú ar Airteagal 42a(3), i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ***freisin*** ar na coinníollacha ***agus na ceanglais*** dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42c – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. ***De mhaolú ar Airteagail 4 agus 20, earraí piriteicniúla ar deonaíodh údarú ina leith i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, ní bhainfidh siad tairbhe as saorghluaiseacht ar fud an Aontais agus ní bheidh marcáil CE orthu. Níl sé de cheangal ar na húdaráis um fhaireachas margaidh bailíocht údaruithe arna n-eisiúint ag údaráis náisiúnta inniúla de chuid Ballstáit eile a aithint.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**

Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42c – mír 7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le hearraí piriteicniúla den sórt sin. | 7. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le hearraí piriteicniúla den sórt sin. ***Coinneoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na taifid uile a bhaineann le táirgí arna n-údarú faoi mhaolú go ceann tréimhse 10 mbliana. Cuirfidh siad na taifid sin ar fáil d'údaráis eile um fhaireachas margaidh arna iarraidh sin.*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42c – mír 9

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Le cur i bhfeidhm Airteagail 42a go 42g agus le húsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní ***dhéantar*** difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 17 ***ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann.*** | 9. Ní ***dhéanfaidh*** cur i bhfeidhm Airteagail 42a go 42g ná úsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal sin difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 17. |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42 c – mír 9 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9a. Leanfaidh earraí piriteicniúla atá faoi réir maolaithe de bheith bailí go ceann sé mhí tar éis dheireadh an dhíghníomhachtaithe nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh. Tar éis na tréimhse sin, ní chuirfear ar fáil ar an margadh iad ach tar éis údarú a fháil faoin ngnáthnós imeachta um údarú dá bhforáiltear sa Rialachán seo.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42d –mír 1 – an chuid réamhráiteach – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a cuireadh san áireamh agus modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal ***15(4)*** de [Rialachán ***SMEI***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. | (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a cuireadh san áireamh agus modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal ***14*** de [Rialachán ***IMERA***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42e – mír 1 – pointe -a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) i gcás nár glacadh na táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach lena dtugtar aghaidh ar iarraidh de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán Uimh. 1025/2012;*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42e – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás ***nár foilsíodh aon*** tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012; | (a) i gcás ***nach*** bhfoilsítear tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ***agus nach bhfuiltear ag dréim leis go bhfoilseofar tagairt den sórt sin laistigh de thréimhse ama réasúnta le linn mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh***; |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42e – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le hAirteagal ***15(4)*** de | (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** i gcomhréir le hAirteagal ***14*** de [Rialachán |

[Rialachán ***SMEI***] mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.

***IMERA***] mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42e – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh ***tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus*** i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(3). Beidh feidhm acu maidir le hearraí piriteicniúla a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** gníomhach lena linn. ***Le linn luathullmhúchán*** na ***ndréachtghníomhartha*** cur chun feidhme lena mbunaítear na ***sonraíochtaí*** coiteanna, ***baileoidh*** an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais***. ***Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.*** | 2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(3). Beidh feidhm acu maidir le hearraí piriteicniúla a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** gníomhach lena linn. ***Agus an dréachtghníomh*** cur chun feidhme lena mbunaítear an ***tsonraíocht*** choiteann ***á ullmhú aige***, déanfaidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***a chur san áireamh agus rachaidh sé i gcomhairle go cuí leis*** na ***geallsealbhóirí*** ábhartha uile. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**

Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42e – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 42a(3), ***an chéad fhomhír***, mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na hearraí piriteicniúla a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na hearraí piriteicniúla atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le [Rialachán ***SMEI***]. | 4. De mhaolú ar Airteagal 42a(3), an chéad fhomhír, mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na hearraí piriteicniúla a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na hearraí piriteicniúla atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** i gcomhréir le [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42e – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais sábháilteachta go hiomlán a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach agus atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin ***agus, más iomchuí,*** leasóidh sé ***nó tarraingeoidh sé siar*** an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. | 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais sábháilteachta go hiomlán a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach agus atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin***. Féadfaidh an Coimisiún*** leasú a dhéanamh, ***i gcás inarb iomchuí,*** ar an ngníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 42f*** | ***scriosta*** |
| ***Sonraíochtaí coiteanna éigeantacha a ghlacadh*** | |
| ***1. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna éigeantacha chun na buncheanglais sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I le haghaidh earraí piriteicniúla a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a chumhdach.*** | |
| ***2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(3) agus tá feidhm acu maidir le hearraí piriteicniúla a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh Aonair gníomhach lena linn. Le linn luathullmhúchán an dréachtghnímh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann, baileoidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais. Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.*** | |
| ***3. De mhaolú ar Airteagal 42a(3), an chéad fhomhír, mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go*** | |

***mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na hearraí piriteicniúla a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna éigeantacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na hearraí piriteicniúla atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh Aonair i gcomhréir le [Rialachán SMEI].***

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**
Treoir 2013/29/AE
Airteagal 42g – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Déanfaidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***a ndícheall*** chun cúnamh a chur ar fáil d'údaráis faireachais margaidh eile le linn éigeandála sa Mhargadh ***Aonair***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh earraí piriteicniúla, a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime. | 2. ***Áiritheoidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***go ndéanfar gach*** iarracht ***réasúnta*** chun cúnamh a chur ar fáil d'údaráis faireachais margaidh eile le linn éigeandála sa mhargadh ***inmheánach***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh earraí piriteicniúla, a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime. |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 45b go 45g den Treoir seo a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***23*** de [***Rialachán SMEI] lena ngníomhachtaítear Airteagal 26 de [***Rialachán ***SMEI***] ***i ndáil leis an Treoir seo***. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 45b go 45g den Treoir sin a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***14(5)*** de [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45a – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 45b go 45g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair***. | Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 45b go 45g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45a – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| ***Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 45c(2), an dara fomhír, agus ag Airteagal 45c(5) le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair agus tar éis é a dhíghníomhachtú nó tar éis dó dul in éag.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún rialacha a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na gníomhaíochtaí leantacha atá le déanamh i ndáil le pléascáin a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagail 45c go 45f. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(3).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45b – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na pléascáin uile a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime, atá faoi réir nósanna imeachta um measúnú comhréireachta i gcomhréir le hAirteagal ***20, lena gceanglaítear*** rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra. | 1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na pléascáin uile a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime, atá faoi réir nósanna imeachta um measúnú comhréireachta i gcomhréir le hAirteagal ***20, lena gceanglaítear*** rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Próiseálfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar phléascáin a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar tosaíochta. | 2. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** próiseáil a dhéanamh ar gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar phléascáin a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar tosaíochta. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45b – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní bheidh aon chostas breise ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar phléascáin de bhun mhír 3. | 4. Ní bheidh aon chostas breise ***urghnách*** ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar phléascáin de bhun mhír 3. |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45b – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Déanfaidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***a ndícheall*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil le pléascáin a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ina leith. | 5. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach*** iarracht ***réasúnta*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil le pléascáin a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ina leith. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagal 20, féadfaidh ***aon*** údarás inniúil náisiúnta, ar iarratas a bhfuil údar cuí leis, a údarú go gcuirfear ar an margadh laistigh de chríoch ***an*** Bhallstáit ***lena mbaineann*** pléascán sonrach a ainmníodh mar earra atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear san Airteagal 20 ***sin*** curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sé na buncheanglais sábháilteachta uile is infheidhme. | 1. De mhaolú ar Airteagal 20, féadfaidh ***an*** t-údarás inniúil náisiúnta, ***tar éis dó measúnú riosca a dhéanamh***, ar iarratas a bhfuil údar cuí leis a fháil, a údarú go gcuirfear ar an margadh laistigh de chríoch an Bhallstáit ***sin***, pléascán sonrach a ainmníodh mar earra atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear san Airteagal 20 sin curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sé na buncheanglais sábháilteachta uile is infheidhme. |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45c – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfaidh an monaróir gach beart réasúnta a úsáid freisin chun a áirithiú nach bhfágfaidh an pléascán, ar deonaíodh údarú dó de bhun mhír 1, críoch an Bhallstáit a dheonaigh an t-údarú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**

Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45c –mír 3 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach ann na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an pléascán a chur ar an margadh, lena n-áirítear: | 3. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach ann na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an pléascán a chur ar an margadh, lena n-áirítear ***ar a laghad***: |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45c – mír 3 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, nach féidir a bheith níos déanaí ná an lá deireanach den tréimhse ar gníomhachtaíodh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** ina leith; | (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, ***mura sonraítear a mhalairt,*** nach mbeidh níos déanaí ná lá deireanach na tréimhse ar gníomhachtaíodh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** ina leith; |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45c – mír 3 – pointe e a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) ceanglais lipéadaithe, lena n-áirítear sainaithint radaimhinicíochta, lena léirítear gur údaraíodh an pléascán faoi mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh.*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45c – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 45a(3)***, an chéad fhomhír***, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ar choinníollacha an údaraithe dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** freisin. | 4. De mhaolú ar Airteagal 45a(3), i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ***freisin*** ar na coinníollacha ***agus na ceanglais*** dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh Éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45c – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***De mhaolú ar Airteagail 3 agus 23, pléascáin ar deonaíodh údarú ina leith i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, ní fhágfaidh siad críoch an Bhallstáit a d'eisigh an t-údarú agus ní bheidh marcáil CE orthu.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45c – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo | 6. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo |

| | |
|---|---|
| maidir le pléascáin den sórt sin. | maidir le pléascáin den sórt sin. ***Coinneoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na taifid uile a bhaineann le táirgí arna n-údarú faoi mhaolú go ceann tréimhse 10 mbliana. Cuirfidh siad na taifid sin ar fáil d'údaráis eile um fhaireachas margaidh arna iarraidh sin.*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45c – mír 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Le cur i bhfeidhm Airteagail 45a go 45g agus le húsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní ***dhéantar*** difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 20 ***ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann***. | 8. Ní ***dhéanfaidh*** cur i bhfeidhm Airteagail 45a go 45g ná úsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal sin difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 20. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45c – mír 8 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Leanfaidh pléascáin atá faoi réir maolaithe de bheith bailí go ceann sé mhí tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh. Tar éis na tréimhse sin, ní chuirfear ar fáil ar an margadh iad ach tar éis údarú a fháil faoin ngnáthnós imeachta um údarú dá bhforáiltear sa Rialachán seo.*** |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45d –mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit gach beart is iomchuí chun a áirithiú, chun críocha cur ar an margadh, ***go measfaidh*** a n-údaráis inniúla, maidir leis na pléascáin a chomhlíonann na caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta nó aon chaighdeán náisiúnta atá i bhfeidhm sa Bhallstát ina monaraítear na pléascáin, lena n-áirithítear an leibhéal sábháilteachta a cheanglaítear leis na buncheanglais sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, go gcomhlíonann siad na buncheanglais sábháilteachta sin i gceachtar de na cásanna seo a leanas: | Déanfaidh na Ballstáit gach beart is iomchuí chun a áirithiú, chun críocha cur ar an margadh, ***go measfaidh*** a n-údaráis inniúla, maidir leis na pléascáin a chomhlíonann na caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta nó aon chaighdeán náisiúnta atá i bhfeidhm sa Bhallstát ina monaraítear na pléascáin, lena n-áirithítear an leibhéal sábháilteachta a cheanglaítear leis na buncheanglais sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, go gcomhlíonann siad na buncheanglais sábháilteachta sin i gceachtar de na cásanna seo a leanas: |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45d –mír 1 – an chuid réamhráiteach – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a cuireadh san áireamh agus modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal ***15(4)*** de [Rialachán ***SMEI***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. | (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a cuireadh san áireamh agus modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal ***14*** de [Rialachán ***IMERA***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45e – mír 1 – pointe -a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) i gcás nár glacadh na táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach lena dtugtar aghaidh ar iarraidh de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán Uimh. 1025/2012;*** |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45e – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás ***nár*** foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012; | (a) i gcás ***nár*** foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ***agus nach bhfuiltear ag dréim leis go bhfoilseofar an tagairt sin laistigh de thréimhse ama réasúnta le linn mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh***; |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45e – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. | (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh i gcomhréir le hAirteagal 14 de [Rialachán IMERA]*** mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45e – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh ***tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus*** i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(3). Beidh feidhm acu maidir le pléascáin a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** infheidhme lena linn i gcomhréir le [Rialachán ***SMEI***]. ***Le linn luathullmhúchán an*** dréachtghnímh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann, ***baileoidh*** an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***nó na ngrúpaí saineolaithe*** ábhartha arna mbunú faoi ***reachtaíocht earnála*** ábhartha ***an Aontais***. ***Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun*** | 2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(3). Beidh feidhm acu maidir le pléascáin a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** infheidhme lena linn i gcomhréir le [Rialachán ***IMERA***]. ***Agus an*** dréachtghníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann ***á ullmhú aige***, déanfaidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***a chur san áireamh agus rachaidh sé i gcomhairle go cuí leis*** na grúpaí ***uile*** arna mbunú faoi na ***geallsealbhóirí*** ábhartha. |

***feidhme.***

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45e – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 45a(3), ***an chéad fhomhír***, mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na pléascáin a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na pléascáin atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le [Rialachán ***SMEI*** | 4. De mhaolú ar Airteagal 45a(3), an chéad fhomhír, mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na pléascáin a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na pléascáin atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** i gcomhréir le [Rialachán ***IMERA].*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45a – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais sábháilteachta go hiomlán a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach agus atá leagtha amach in Iarscríbhinn II, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an | 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais sábháilteachta go hiomlán a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach agus atá leagtha amach in Iarscríbhinn II, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an |

Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin ***agus, más iomchuí,*** leasóidh sé ***nó tarraingeoidh sé siar*** an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist.

Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin***. Féadfaidh an Coimisiún*** leasú a dhéanamh, ***i gcás inarb iomchuí,*** ar an ngníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist.

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 45f*** | ***scriosta*** |
| ***Sonraíochtaí coiteanna éigeantacha a ghlacadh*** | |
| ***1. I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna éigeantacha chun na buncheanglais sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II le haghaidh pléascáin a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a chumhdach.*** | |
| ***2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(3) agus beidh feidhm acu maidir le pléascáin a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh Aonair gníomhach lena linn. Le linn luathullmhúchán an dréachtghnímh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann, baileoidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais. Bunaithe ar*** | |

***an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.***

***3. De mhaolú ar Airteagal 45a(3), an chéad fhomhír, mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na pléascáin a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna éigeantacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na pléascáin atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh Aonair i gcomhréir le [Rialachán SMEI].***

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**
Treoir 2014/28/AE
Airteagal 45 g – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Déanfaidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***a ndícheall*** chun cúnamh a chur ar fáil d'údaráis faireachais margaidh eile le linn éigeandála sa Mhargadh ***Aonair***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh táirgí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime. | 2. ***Áiritheoidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***go ndéanfar gach*** iarracht ***réasúnta*** chun cúnamh a chur ar fáil d'údaráis faireachais margaidh eile le linn éigeandála sa mhargadh ***inmheánach***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh táirgí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime. |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 38b go 21h den treoir seo a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***23*** de [***Rialachán SMEI] lena ngníomhachtaítear Airteagal 26 de*** [Rialachán ***SMEI***] ***i ndáil leis an Treoir seo.*** | 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 38b go 38g den Treoir sin a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***14(5)*** de [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38a – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 38b go 38g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair***. | Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 38b go 38g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38a – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 38c(2), an dara fomhír, agus ag Airteagal 38c(5) le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair agus tar éis é a*** | ***scriosta*** |

***dhíghníomhachtú nó tar éis dó dul in éag.***

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún rialacha a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na gníomhaíochtaí leantacha atá le déanamh i ndáil le soithí a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagail 38c go 38f. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(3).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38 b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Próiseálfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar shoithí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar tosaíochta. | 2. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** próiseáil a dhéanamh ar gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar shoithí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar tosaíochta. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**

Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38b – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní bheidh aon chostas breise ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar shoithí de bhun mhír 3. | 4. Ní bheidh aon chostas breise ***urghnách*** ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar shoithí de bhun mhír 3. |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38b – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Déanfaidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***a ndícheall*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil le soithí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ina leith. | 5. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach*** iarracht ***réasúnta a áirithiú*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil le soithí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ina leith. |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagal 13, féadfaidh ***aon*** údarás inniúil náisiúnta, ar iarratas a bhfuil údar cuí leis, a údarú go gcuirfear ar an margadh nó go gcuirfear i seirbhís laistigh de chríoch ***an*** Bhallstáit ***lena mbaineann*** soitheach sonrach a ainmníodh mar earra atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena | 1. De mhaolú ar Airteagal 13, féadfaidh ***an*** t-údarás inniúil náisiúnta, tar éis dó ***measúnú riosca*** a dhéanamh, a údarú, ar iarratas a bhfuil údar cuí leis a fháil ***ó oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe ina Bhallstát***, go gcuirfear ar an margadh nó go gcuirfear i seirbhís laistigh de chríoch an Bhallstáit ***sin***, soitheach sonrach a ainmníodh mar earra atá ábhartha i gcás |

| | |
|---|---|
| gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear in Airteagal 13 curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sé na buncheanglais sábháilteachta uile is infheidhme. | géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear in Airteagal 13 curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sí na buncheanglais uile is infheidhme. |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38c – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfaidh an monaróir gach beart réasúnta a úsáid freisin chun a áirithiú nach bhfágfaidh an soitheach, ar deonaíodh údarú dó de bhun mhír 1, críoch an Bhallstáit a dheonaigh an t-údarú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38c –mír 3 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach leis na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an soitheach a chur ar an margadh nó a chur i seirbhís, lena n-áirítear: | 3. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach leis na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an soitheach a chur ar an margadh nó a chur i seirbhís, lena n-áirítear ***ar a laghad***: |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**

Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38c – mír 2 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, nach féidir a bheith níos déanaí ná an lá deireanach den tréimhse ar ghníomhachtaíodh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** ina leith; | (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, ***mura sonraítear a mhalairt,*** nach mbeidh níos déanaí ná lá deireanach na tréimhse ar gníomhachtaíodh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** ina leith; |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38c – mír 2 – pointe e a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) ceanglais lipéadaithe, lena n-áirítear sainaithint radaimhinicíochta, lena léirítear gur údaraíodh an soitheach faoi mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh.*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38 c – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 38a(3), ***an chéad fhomhír***, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ar choinníollacha ***an údaraithe*** dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair freisin***. | 4. De mhaolú ar Airteagal 38a(3), i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ***freisin*** ar na coinníollacha ***agus na ceanglais*** dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38c – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***De mhaolú ar Airteagail 5 agus 16, soitheach ar deonaíodh údarú ina leith i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, ní fhágfaidh sé críoch an Bhallstáit a d’eisigh an t-údarú agus ní bheidh marcáil agus iarscríbhinní CE air.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38c – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le soithí den sórt sin. | 6. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le soithí den sórt sin. ***Coinneoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na taifid uile a bhaineann le táirgí arna n-údarú faoi mhaolú go ceann tréimhse 10 mbliana. Cuirfidh siad na taifid sin ar fáil d’údaráis eile um fhaireachas margaidh arna iarraidh sin.*** |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38c – mír 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Le cur i bhfeidhm Airteagail 38a go 38g agus le húsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní ***dhéantar*** difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 13 ***ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann***. | 8. Ní ***dhéanfaidh*** cur i bhfeidhm Airteagail 38a go 38g ná úsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal sin difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 13. |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38c – mír 8 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Leanfaidh soithí atá faoi réir maolaithe de bheith bailí go ceann sé mhí tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh. Tar éis na tréimhse sin, ní chuirfear ar fáil ar an margadh iad ach tar éis údarú a fháil faoin ngnáthnós imeachta um údarú dá bhforáiltear sa Treoir seo.*** |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38d –mír 1 – an chuid réamhráiteach – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a cuireadh san áireamh agus modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal | (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a cuireadh san áireamh agus modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** á ghníomhachtú i gcomhréir |

***15(4)*** de [Rialachán ***SMEI***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.

le hAirteagal ***14*** de [Rialachán ***IMERA***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38e – mír 1 – pointe -a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) i gcás nár glacadh na táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach lena dtugtar aghaidh ar iarraidh de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán Uimh. 1025/2012;*** |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38e – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás ***nár*** foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012; | (a) i gcás ***nár*** foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ***agus nach bhfuiltear ag dréim leis go bhfoilseofar an tagairt sin laistigh de thréimhse ama réasúnta le linn mhodh*** |

| | |
|---|---|
| | ***éigeandála an mhargaidh inmheánaigh***; |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38e – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann ***an*** suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le hAirteagal ***15(4) de [***Rialachán ***SMEI***] mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ***sábháilteachta*** ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn ***I*** a ghabhann leis an Treoir seo a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. | (b) ***i gcás*** ina gcuirfear isteach go mór ar fheidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, ar cur isteach é as a dtiocfaidh gníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** i gcomhréir le hAirteagal ***14 de [***Rialachán ***IMERA***] agus a chuirfidh srian mór ar na deiseanna atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn ***II*** a ghabhann leis an Rialachán seo ***agus*** a foilsíodh cheana in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38e – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh ***tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus*** i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(3). Beidh feidhm acu maidir le soithí a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** gníomhach lena linn i gcomhréir le | 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 ***den Airteagal sin*** a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(3) ***agus*** beidh feidhm acu maidir le soithí a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** gníomhach lena linn i gcomhréir le hAirteagal 15(4) de |

hAirteagal 15(4) de [Rialachán ***SMEI***]. ***Le linn luathullmhúchán an*** dréachtghnímh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann, ***baileoidh*** an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála*** ábhartha ***an Aontais***. ***Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.***

[Rialachán ***IMERA***]. ***Agus an dréachtghníomh*** cur chun feidhme lena mbunaítear an ***tsonraíocht*** choiteann ***á ullmhú aige***, déanfaidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***a chur san áireamh agus rachaidh sé i gcomhairle go cuí leis*** na ***geallsealbhóirí*** ábhartha uile.

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38e – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 38a(3), ***an chéad fhomhír***, mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na soithí a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na soithí atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le [Rialachán ***SMEI***]. | 4. De mhaolú ar Airteagal 38a(3), an chéad fhomhír, mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na soithí a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na soithí atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an mhargaidh inmheánaigh i gcomhréir le [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38e – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais sábháilteachta go hiomlán a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach agus atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin ***agus, más iomchuí***, leasóidh sé ***nó tarraingeoidh sé siar*** an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. | 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais sábháilteachta go hiomlán a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach agus atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin***. Féadfaidh an Coimisiún*** leasú a dhéanamh, ***i gcás inarb iomchuí,*** ar an ngníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 38f*** | ***scriosta*** |
| ***Sonraíochtaí coiteanna éigeantacha a ghlacadh*** | |
| ***1. I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna éigeantacha chun na buncheanglais sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I le haghaidh soithí a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a chumhdach.*** | |
| ***2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(3) agus beidh feidhm acu maidir le*** | |

***soithí a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh Aonair gníomhach lena linn. Le linn luathullmhúchán an dréachtghnímh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann, baileoidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais. Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.***

***3. De mhaolú ar Airteagal 38a(3), an chéad fhomhír, mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na soithí a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na soithí atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh Aonair i gcomhréir le [Rialachán SMEI].***

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**
Treoir 2014/29/AE
Airteagal 38g – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Déanfaidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***a ndícheall*** chun cúnamh a chur ar fáil d'údaráis faireachais margaidh eile le linn éigeandála sa Mhargadh ***Aonair***, lena n-áirítear trí | 2. ***Áiritheoidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***go ndéanfar gach*** iarracht ***réasúnta*** chun cúnamh a chur ar fáil d'údaráis faireachais margaidh eile le linn éigeandála sa mhargadh ***inmheánach***, |

| | |
|---|---|
| fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh táirgí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime. | lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh táirgí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime.***’*** |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 40b go 21h den treoir seo a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***23*** de [***Rialachán SMEI] lena ngníomhachtaítear Airteagal 26 de [***Rialachán ***SMEI***] ***i ndáil leis an Treoir seo***. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 40b go 40g den Treoir sin a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***14(5)*** de [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 40b go 40g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair.*** | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 40b go 40g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún rialacha a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na gníomhaíochtaí leantacha atá le déanamh i ndáil le gairis a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagail 40c go 40f. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 41(2a).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Próiseálfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar ghairis a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar tosaíochta. | 2. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** próiseáil a dhéanamh ar gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar ghairis a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar tosaíochta. |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40b – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní bheidh aon chostas breise ar na | 4. Ní bheidh aon chostas breise |

| | |
|---|---|
| monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar ghairis de bhun mhír 3. | ***urghnách*** ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar ghairis de bhun mhír 3. |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40b – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Déanfaidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***a ndícheall*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil ***le*** gairis a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ina leith. | 5. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach*** iarracht ***réasúnta*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil ***le*** gaireas a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ina leith. |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagal 14, féadfaidh ***aon*** údarás inniúil náisiúnta, ar iarratas a bhfuil údar cuí leis, a údarú go gcuirfear ar an margadh nó go gcuirfear i seirbhís laistigh de chríoch ***an*** Bhallstáit ***lena mbaineann*** gaireas sonrach a ainmníodh mar earra atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear in Airteagal 14 curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sé na buncheanglais sábháilteachta uile is infheidhme. | 1. De mhaolú ar Airteagal 14, féadfaidh ***an*** t-údarás inniúil náisiúnta, ***tar éis dó measúnú riosca a dhéanamh***, ar iarratas a bhfuil údar cuí leis a fháil ***ó oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe ina Bhallstát***, a údarú go gcuirfear ar an margadh nó go gcuirfear gaireas i seirbhís laistigh de chríoch an Bhallstáit ***sin*** gaireas sonrach a ainmníodh mar earra atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear in Airteagal 14 curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar |

léiríodh ina leith go gcomhlíonann sí na buncheanglais sábháilteachta uile is infheidhme.

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40c – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfaidh an monaróir gach beart réasúnta a úsáid freisin chun a áirithiú nach bhfágfaidh an gaireas, ar deonaíodh údarú dó de bhun mhír 1, críoch an Bhallstáit a dheonaigh an t-údarú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40c –mír 3 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach ann na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an gaireas a chur ar an margadh nó a chur i seirbhís, lena n-áirítear: | 3. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach ann na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an gaireas a chur ar an margadh nó a chur i seirbhís, lena n-áirítear ***ar a laghad***: |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40c – mír 3 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, | (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, |

| | |
|---|---|
| nach féidir a bheith níos déanaí ná an lá deireanach den tréimhse ar ghníomhachtaíodh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** ina leith; | ***mura sonraítear a mhalairt***, nach mbeidh níos déanaí ná lá deireanach na tréimhse ar gníomhachtaíodh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** ina leith; |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40c – mír 3 – pointe ea

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) ceanglais lipéadaithe, lena n-áirítear sainaithint radaimhinicíochta, lena léirítear gur údaraíodh an gaireas faoi mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh.*** |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40c – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 40a(3), ***an chéad fhomhír***, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ar choinníollacha an údaraithe dá dtagraítear i mír ***3***, tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair freisin***. | 4. De mhaolú ar Airteagal 40a(3), i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ***freisin*** ar na coinníollacha ***agus na ceanglais*** dá dtagraítear i mír ***3***, tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40c – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***De mhaolú ar Airteagail 5 agus 17, gairis ar deonaíodh údarú ina leith i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, ní fhágfaidh siad críoch an Bhallstáit a d'eisigh an t-údarú agus ní bheidh marcáil CE orthu.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40c – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le gairis den sórt sin. | 6. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le gairis den sórt sin. ***Coinneoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na taifid uile a bhaineann le táirgí arna n-údarú faoi mhaolú go ceann tréimhse 10 mbliana. Cuirfidh siad na taifid sin ar fáil d'údaráis eile um fhaireachas margaidh arna iarraidh sin.*** |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40c – mír 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Le cur i bhfeidhm Airteagail 40a go 40g agus le húsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní ***dhéantar*** difear do chur i bhfeidhm | 8. Ní ***dhéanfaidh*** cur i bhfeidhm Airteagail 40a go 40g ná úsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal sin difear do chur i bhfeidhm |

| | |
|---|---|
| na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 14 ***ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann***. | na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 14. |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40c – mír 8 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Leanfaidh gairis atá faoi réir maolaithe de bheith bailí go ceann sé mhí tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh. Tar éis na tréimhse sin, ní chuirfear ar fáil ar an margadh iad ach tar éis údarú a fháil faoin ngnáthnós imeachta um údarú dá bhforáiltear sa Treoir seo.*** |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40d –mír 1 – an chuid réamhráiteach – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a cuireadh san áireamh agus modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal ***15(4)*** de [Rialachán ***SMEI***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais | (b) i gcás ina gcuirfear isteach go mór ar fheidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, ar cur isteach é a cuireadh san áireamh agus modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal ***14*** de [Rialachán ***IMERA***] agus a chuirfidh srian mór ar na deiseanna atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin agus a foilsíodh cheana in |

| | |
|---|---|
| Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. | Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40e – mír 1 – pointe –a (nua)

| ***Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*** | ***Leasú*** |
|---|---|
| | ***(-a) i gcás nár glacadh na táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach lena dtugtar aghaidh ar iarraidh de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán Uimh. 1025/2012;*** |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40e – mír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás nár foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012; | (a) i gcás nár foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ***agus nach bhfuiltear ag dréim leis go bhfoilseofar an tagairt sin laistigh de thréimhse ama réasúnta le linn mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh***; |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**

Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40e – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. | (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh ***i gcomhréir le hAirteagal 14 de [Rialachán IMERA]*** mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40e – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh ***tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus*** i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 41(2a). Beidh feidhm acu maidir le gairis a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** gníomhach lena linn. ***Le linn luathullmhúchán an dréachtghnímh*** cur chun feidhme lena mbunaítear an ***tsonraíocht*** choiteann, ***baileoidh*** an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú*** faoi ***reachtaíocht earnála*** ábhartha ***an Aontais***. ***Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an*** | 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 41(2a). Beidh feidhm acu maidir le gairis a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** gníomhach lena linn. ***Agus an dréachtghníomh*** cur chun feidhme lena mbunaítear an ***tsonraíocht*** choiteann ***á ullmhú aige***, déanfaidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***a chur san áireamh agus rachaidh sé i gcomhairle go cuí leis na geallsealbhóirí*** ábhartha ***uile***. |

***Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.***

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40e – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 40a(3), ***an chéad fhomhír***, mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na gairis a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na gairis atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le [Rialachán ***SMEI***]. | 4. De mhaolú ar Airteagal 40a(3), mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na gairis a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na gairis atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** i gcomhréir le [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40e – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais sábháilteachta go hiomlán a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach agus atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú | 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais sábháilteachta go hiomlán a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach agus atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú |

| | |
|---|---|
| mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin ***agus, más iomchuí***, leasóidh sé ***nó tarraingeoidh sé siar*** an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. | mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin***.*** ***Féadfaidh an Coimisiún*** leasú a dhéanamh***, i gcás inarb iomchuí,*** ar an ngníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 40f*** | ***scriosta*** |
| ***Sonraíochtaí coiteanna éigeantacha a ghlacadh*** | |
| ***1. I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna éigeantacha chun na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I le haghaidh gairis a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a chumhdach.*** | |
| ***2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 41(2a). Beidh feidhm acu maidir le gairis a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh Aonair gníomhach lena linn. Le linn luathullmhúchán an dréachtghnímh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann, baileoidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an*** | |

***Aontais. Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.***

***3. De mhaolú ar Airteagal 40a(3), an chéad fhomhír, mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na gairis a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna éigeantacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na gairis atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh Aonair i gcomhréir le [Rialachán SMEI].***

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**
Treoir 2014/30/AE
Airteagal 40g – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Déanfaidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***a ndícheall*** chun cúnamh a chur ar fáil d'údaráis faireachais margaidh eile le linn éigeandála sa Mhargadh ***Aonair***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh gaireas, a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime.' | 2. ***Áiritheoidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***go ndéanfar gach*** iarracht ***réasúnta*** chun cúnamh a chur ar fáil d'údaráis faireachais margaidh eile le linn éigeandála sa mhargadh ***inmheánach***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh gaireas, a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime.' |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 40b go 21h den treoir seo a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal 23 de [***Rialachán SMEI] lena ngníomhachtaítear Airteagal 26 de [***Rialachán ***SMEI***] ***i ndáil leis an Treoir seo***. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 40b go 40g den Treoir sin a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***14(5)*** de [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40a – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 40b go 40g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair.*** | Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 40b go 40g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40a – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 40c(2), an dara fomhír, agus ag Airteagal 40c(5) le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair agus tar éis é a*** | ***scriosta*** |

***dhíghníomhachtú nó tar éis dó dul in éag.***

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *4.* ***Tabharfar de chumhacht don Choimisiún rialacha a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na gníomhaíochtaí leantacha atá le déanamh i ndáil le huirlisí a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagail 40c go 40f. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 41(3).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Próiseálfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar uirlisí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar tosaíochta. | 2. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** próiseáil a dhéanamh ar gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar uirlisí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar tosaíochta. |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**

Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40b – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní bheidh aon chostas breise ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar uirlisí de bhun mhír 2 agus 3. | 4. Ní bheidh aon chostas breise ***urghnách*** ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar uirlisí de bhun mhír 2 agus 3. |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40b – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Déanfaidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***a ndícheall*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil ***le*** huirlisí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ina leith. | 5. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach*** iarracht ***réasúnta*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil ***le*** huirlisí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ina leith. |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagal 13, féadfaidh ***aon*** údarás inniúil náisiúnta, ar iarratas a bhfuil údar cuí leis, a údarú go gcuirfear ar an margadh laistigh de chríoch ***an*** Bhallstáit ***lena mbaineann*** uirlis shonrach a ainmníodh mar earra atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach | 1. De mhaolú ar Airteagal 13, féadfaidh ***an*** t-údarás inniúil náisiúnta, tar éis dó ***measúnú riosca a dhéanamh,*** a údarú, ar iarraidh a bhfuil údar cuí léi a fháil ***ó oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe ina Bhallstát***, go gcuirfear ar an margadh laistigh de chríoch an Bhallstáit ***sin*** uirlis |

| | |
|---|---|
| bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear in Airteagal 13 curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sí na buncheanglais uile is infheidhme. | shonrach a ainmníodh mar earra atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear in Airteagal 13 curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sí na buncheanglais uile is infheidhme. |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40c – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfaidh an monaróir gach beart réasúnta a úsáid freisin chun a áirithiú nach bhfágfaidh an uirlis, ar deonaíodh údarú di de bhun mhír 1, críoch an Bhallstáit a dheonaigh an t-údarú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40c –mír 3 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach ann na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an uirlis a chur ar an margadh, lena n-áirítear: | 3. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach ann na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an uirlis a chur ar an margadh ***nó a chur i seirbhís***, lena n-áirítear an méid seo a leanas ***ar a laghad***: |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40c – mír 3 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, nach féidir a bheith níos déanaí ná an lá deireanach den tréimhse ar ghníomhachtaíodh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** ina leith; | (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe***, mura sonraítear a mhalairt,*** nach féidir a bheith níos déanaí ná an lá deireanach den tréimhse ar gníomhachtaíodh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** ina leith; |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40c – mír 3 – pointe e a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) ceanglais lipéadaithe, lena n-áirítear sainaithint radaimhinicíochta, lena léirítear gur údaraíodh an uirlis faoi mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh.*** |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40c – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 40a(3)***, an chéad fhomhír***, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ar choinníollacha ***an údaraithe*** dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** freisin. | 4. De mhaolú ar Airteagal 40a(3), i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ***freisin*** ar na coinníollacha ***agus na ceanglais*** dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** freisin. |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40c – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***De mhaolú ar Airteagail 5 agus 16, uirlisí ar deonaíodh údarú ina leith i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, ní fhágfaidh siad críoch an Bhallstáit a d'eisigh an t-údarú agus ní bheidh marcáil agus iarscríbhinní CE orthu.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40c – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le huirlisí den sórt sin. | 6. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le huirlisí den sórt sin. ***Coinneoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na taifid uile a bhaineann le táirgí arna n-údarú faoi mhaolú go ceann tréimhse 10 mbliana. Cuirfidh siad na taifid sin ar fáil d'údaráis eile um fhaireachas margaidh arna iarraidh sin.*** |

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**

Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40c – mír 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Le cur i bhfeidhm Airteagail 40a go 40g agus le húsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní ***dhéantar*** difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 13 ***ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann***. | 8. Le cur i bhfeidhm Airteagail 40a go 40g agus le húsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní ***dhéanfar*** difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 13. |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40c – mír 8a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Leanfaidh ionstraimí atá faoi réir maolaithe de bheith bailí go ceann sé mhí tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh. Tar éis na tréimhse sin, ní chuirfear ar fáil ar an margadh iad ach tar éis údarú a fháil faoin ngnáthnós imeachta um údarú dá bhforáiltear sa Treoir seo.*** |

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40d – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a cuireadh san áireamh agus modh | (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a cuireadh san áireamh agus |

éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal ***15(4)*** de [Rialachán ***SMEI***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.

modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal ***14*** de [Rialachán ***IMERA***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40e – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) i gcás nár glacadh na táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach lena dtugtar aghaidh ar iarraidh de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;*** |

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40e – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás nár foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012; | (a) i gcás nár foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ***sábháilteachta*** ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ***ná nach bhfuiltear ag dréim leis go bhfoilseofar tagairt den sórt sin*** |

***laistigh de thréimhse ama réasúnta le linn mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh***;

**Leasú 182**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40e – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le hAirteagal ***15(4)*** de [Rialachán ***SMEI***] mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. | (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** i gcomhréir le hAirteagal ***14*** de [Rialachán ***IMERA***] mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. |

**Leasú 183**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40e – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh ***tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus*** i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 41(2a). Beidh feidhm acu maidir le huirlisí a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh | 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 41(3). Beidh feidhm acu maidir le huirlisí a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** fós gníomhach lena linn. |

| | |
|---|---|
| éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** gníomhach lena linn. ***Le linn luathullmhúchán an*** dréachtghnímh cur chun feidhme lena mbunaítear na ***sonraíochtaí*** coiteanna, ***baileoidh*** an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha nó na ngrúpaí ***saineolaithe*** ábhartha ***arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais***. ***Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.*** | Agus an dréacht***ghníomh*** cur chun feidhme lena mbunaítear an ***tsonraíocht*** choiteann ***á ullmhú aige***, déanfaidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***a chur san áireamh agus rachaidh sé i gcomhairle go cuí leis*** na ***geallsealbhóirí*** ábhartha uile. |

**Leasú 184**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40e – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 40a(3), ***an chéad fhomhír,*** mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na huirlisí a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na huirlisí atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le [Rialachán ***SMEI***]. | 4. De mhaolú ar Airteagal 40a(3), mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na huirlisí a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na huirlisí atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** i gcomhréir le [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 185**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40e – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais go hiomlán a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach agus atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin ***agus, más iomchuí,*** leasóidh sé ***nó tarraingeoidh sé siar*** an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. | 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais go hiomlán a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin***. Féadfaidh an Coimisiún*** leasú a dhéanamh***, i gcás inarb iomchuí,*** ar an ngníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. |

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 40f*** | ***scriosta*** |
| ***Sonraíochtaí coiteanna éigeantacha a ghlacadh*** | |
| ***1. I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna éigeantacha chun na buncheanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I le haghaidh uirlisí a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a chumhdach.*** | |
| ***2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 41(3). Beidh feidhm acu maidir le huirlisí*** | |

***a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh Aonair gníomhach lena linn. Le linn luathullmhúchán an dréachtghnímh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann, baileoidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais. Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.***

***3. De mhaolú ar Airteagal 40a(3), an chéad fhomhír, mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na huirlisí a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na huirlisí atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh Aonair i gcomhréir le [Rialachán SMEI].***

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**
Treoir 2014/31/AE
Airteagal 40 g – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Déanfaidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***a ndícheall*** chun cúnamh a chur ar fáil d'údaráis faireachais margaidh eile le linn éigeandála sa Mhargadh ***Aonair***, lena n-áirítear trí | 2. ***Áiritheoidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** ar chúnamh a thabhairt d'údaráis eile um fhaireachas margaidh le linn éigeandáil sa mhargadh ***inmheánach***, |

| | |
|---|---|
| fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh táirgí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime.’ | lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás um fhaireachas margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh uirlisí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime.***’*** |

**Leasú 188**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 45b go 45g den Treoir seo a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***23*** de [***Rialachán SMEI] lena ngníomhachtaítear Airteagal 26 de [Rialachán SMEI***] ***i ndáil leis an Treoir seo***. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 45b go 45g den Treoir seo a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***14(5)*** de [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 189**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45 a – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 45b go 45g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair***. | Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 45b go 45g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 190**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45 a – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 45c(2), an dara fomhír, agus ag Airteagal 45c(5) le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair agus tar éis é a dhíghníomhachtú tar éis dó dul in éag.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45 a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún rialacha a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na gníomhaíochtaí leantacha atá le déanamh i ndáil le huirlisí tomhais a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagail 45c go 45f. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 46(3).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Próiseálfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra gach iarratas ar mheasúnú | 2. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach iarracht*** |

comhréireachta ar uirlisí tomhais a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar tosaíochta.

***réasúnta gach iarratas ar*** mheasúnú comhréireachta ar uirlisí tomhais a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a phróiseáil mar ábhar tosaíochta.

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45b – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní bheidh aon chostas breise ar na monaróirí**,** a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar uirlisí tomhais de bhun mhír 2 agus 3. | 4. Ní bheidh aon chostas breise ***urghnách*** ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar uirlisí tomhais de bhun mhír 2 agus 3. |

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45b – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Déanfaidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***a ndícheall*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil le huirlisí tomhais a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ***ina*** leith. | 5. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** ar a n-acmhainní tástála i ndáil le huirlisí tomhais a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ***ina*** leith a mhéadú. |

**Leasú 195**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagal 17, féadfaidh ***aon*** údarás inniúil náisiúnta, ar iarratas a bhfuil údar cuí leis, a údarú go gcuirfear ar an margadh nó go gcuirfear in úsáid laistigh de chríoch ***an*** Bhallstáit ***lena mbaineann*** uirlis tomhais shonrach a ainmníodh mar earra atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear in Airteagal 17 curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sé na buncheanglais uile is infheidhme. | 1. De mhaolú ar Airteagal 17, féadfaidh ***an*** t-údarás inniúil náisiúnta, tar éis dó ***measúnú riosca a dhéanamh,*** a údarú, ar iarraidh a bhfuil údar cuí léi a fháil ***ó oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe ina Bhallstát***, go gcuirfear ar an margadh laistigh de chríoch an Bhallstáit ***sin*** uirlis tomhais shonrach a ainmníodh mar earra atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra, dá dtagraítear in Airteagal 17, curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sí na buncheanglais uile is infheidhme. |

**Leasú 196**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45c – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfaidh an monaróir gach beart réasúnta a úsáid freisin chun a áirithiú nach bhfágfaidh an uirlis tomhais, ar deonaíodh údarú di de bhun mhír 1, críoch an Bhallstáit a dheonaigh an t-údarú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 197**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45c –mír 3 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach ann na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an uirlis tomhais a chur ar an margadh nó a chur in úsáid, lena n-áirítear: | 3. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach ann na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an uirlis tomhais a chur ar an margadh nó a chur in úsáid, lena n-áirítear an méid seo a leanas ***ar a laghad***: |

**Leasú 198**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45c – mír 3 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, nach féidir a bheith níos déanaí ná an lá deireanach den tréimhse ar ghníomhachtaíodh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** ina leith; | (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, nach féidir a bheith***, mura sonraítear a mhalairt,*** níos déanaí ná an lá deireanach den tréimhse ar gníomhachtaíodh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** ina leith; |

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45c – mír 3 – pointe e

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) ceanglais lipéadaithe, lena n-áirítear sainaithint radaimhinicíochta, lena léirítear gur údaraíodh an uirlis tomhais faoi mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh.*** |

**Leasú 200**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45c – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***De mhaolú ar Airteagail 7 agus 20, uirlisí tomhais ar deonaíodh údarú ina leith i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, ní fhágfaidh siad críoch an Bhallstáit a d'eisigh an t-údarú agus ní bheidh marcáil agus iarscríbhinní CE orthu.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 201**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45c – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le huirlisí tomhais den sórt sin. | 5. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le huirlisí tomhais den sórt sin. ***Coinneoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na taifid uile a bhaineann le táirgí arna n-údarú faoi mhaolú go ceann tréimhse 10 mbliana. Cuirfidh siad na taifid sin ar fáil d'údaráis eile um fhaireachas margaidh arna iarraidh sin.*** |

**Leasú 202**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45c – mír 7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Le cur i bhfeidhm Airteagail 45a go 45g agus le húsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní ***dhéantar*** difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 17 ***ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann***. | 7. Le cur i bhfeidhm Airteagail 45a go 45g agus úsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní ***dhéanfar*** difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 17. |

**Leasú 203**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45c – mír 7 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Leanfaidh uirlisí tomhais atá faoi réir maolaithe de bheith bailí go ceann sé mhí tar éis dheireadh dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh. Tar éis na tréimhse sin, ní chuirfear ar fáil ar an margadh iad ach tar éis údarú a fháil faoin ngnáthnós imeachta um údarú dá bhforáiltear sa Treoir seo.*** |

**Leasú 204**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45d – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Sna cásanna seo a leanas:*** | ***scriosta*** |

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45d –mír 1 – an chuid réamhráiteach – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a cuireadh san áireamh agus modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal ***15(4)*** de [Rialachán ***SMEI***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus sna hIarscríbhinní uirlis-shonracha ábhartha a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. | (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a cuireadh san áireamh agus modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal ***14*** de [Rialachán ***IMERA***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus sna hIarscríbhinní uirlis-shonracha ábhartha a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. |

**Leasú 206**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45e – mír 1 – pointe c a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) i gcás nár glacadh na táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach lena dtugtar aghaidh ar iarraidh de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;*** |

**Leasú 207**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45e – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás nár foilsíodh ***aon*** tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn ***I agus sna hIarscríbhinní uirlis-shonracha ábhartha*** in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012; | (a) i gcás nár foilsíodh tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ***sábháilteachta*** ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ***ná nach bhfuiltear ag dréim leis go bhfoilseofar tagairt den sórt sin laistigh de thréimhse ama réasúnta le linn mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh***; |

**Leasú 208**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45e – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann an suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le hAirteagal ***15(4)*** de [Rialachán ***SMEI***] mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus sna hIarscríbhinní uirlis-shonracha ábhartha a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. | (b) i gcás ina gcuireann an suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** i gcomhréir le hAirteagal ***14*** de [Rialachán ***IMERA***] mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus sna hIarscríbhinní uirlis-shonracha ábhartha a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. |

**Leasú 209**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**

Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45e – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh ***tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus*** i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 46(3). Beidh feidhm acu maidir le huirlisí tomhais a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** gníomhach lena linn. ***Le linn luathullmhúchán an*** dréachtghnímh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann, ***baileoidh*** an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais***. ***Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.*** | 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 46(3). Beidh feidhm acu maidir le huirlisí tomhais a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** fós gníomhach lena linn. Agus an dréachtghníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann ***á ullmhú aige***, déanfaidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***a chur san áireamh agus rachaidh sé i gcomhairle go cuí leis na geallsealbhóirí*** ábhartha ***uile***. |

**Leasú 210**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45e – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 45a(3), ***an chéad fhomhír,*** mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na huirlisí tomhais a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na huirlisí tomhais atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh | 4. De mhaolú ar Airteagal 45a(3), mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na huirlisí tomhais a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na huirlisí tomhais atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun |

| | |
|---|---|
| cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le [Rialachán ***SMEI***]. | mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** i gcomhréir le [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 211**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45e – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais go hiomlán a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach agus atá leagtha amach in Iarscríbhinn I agus sna hIarscríbhinní uirlis-shonracha ábhartha, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin ***agus, más iomchuí,*** leasóidh sé ***nó tarraingeoidh sé siar*** an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. | 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais go hiomlán a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus sna hIarscríbhinní uirlis-shonracha ábhartha, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin***. Féadfaidh an Coimisiún*** leasú a dhéanamh***, i gcás inarb iomchuí,*** ar an ngníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. |

**Leasú 212**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 45f*** | ***scriosta*** |
| ***Sonraíochtaí coiteanna éigeantacha a ghlacadh*** | |
| ***1. I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, tugtar de chumhacht don*** | |

***Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna éigeantacha chun na buncheanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus sna hIarscríbhinní uirlis-shonracha ábhartha le haghaidh uirlisí tomhais a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a chumhdach.***

***2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna éigeantacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 46(3). Beidh feidhm acu maidir le huirlisí tomhais a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh Aonair gníomhach lena linn. Le linn luathullmhúchán an dréachtghnímh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann, baileoidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais. Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.***

***3. De mhaolú ar Airteagal 45a(3), an chéad fhomhír, mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na huirlisí tomhais a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna éigeantacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na huirlisí tomhais atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh Aonair i***

***gcomhréir le [Rialachán SMEI].***

**Leasú 213**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**
Treoir 2014/32/AE
Airteagal 45 g – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***a ndícheall*** chun cúnamh a chur ar fáil d'údaráis faireachais margaidh eile le linn éigeandála sa Mhargadh ***Aonair***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh uirlisí tomhais, a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime.' | 2. ***Áiritheoidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** ar chúnamh a thabhairt d'údaráis eile um fhaireachas margaidh le linn éigeandáil sa mhargadh ***inmheánach***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás um fhaireachas margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh uirlisí tomhais a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime.' |

**Leasú 214**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 41b go 21h den treoir seo a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***23*** de [***Rialachán SMEI] lena ngníomhachtaítear Airteagal 26 de [Rialachán SMEI***] ***i ndáil leis an Treoir seo***. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 41b go 41g den Treoir seo a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***14(5)*** de [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 215**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41 a – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 41b go 41g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair.*** | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 41b go 41g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 216**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41 a – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 41c(3), an dara fomhír, agus ag Airteagal 41c(6) le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair agus tar éis é a dhíghníomhachtú tar éis dó dul in éag.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 217**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41 a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún rialacha a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na gníomhaíochtaí leantacha atá le déanamh i ndáil le hardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí a chuirtear ar an*** | ***scriosta*** |

***margadh i gcomhréir le hAirteagail 41c go 41f. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(3).***

**Leasú 218**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Próiseálfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar ardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar tosaíochta. | 2. Áiritheoidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta ar*** gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar ardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a phróiseáil mar ábhar tosaíochta. |

**Leasú 219**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41b – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní bheidh aon chostas breise ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar ardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí de bhun mhír 3. | 4. Ní bheidh aon chostas breise ***urghnách*** ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar ardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí de bhun mhír 3. |

**Leasú 220**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41b – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Déanfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***a ndícheall*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil le hardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ***ina*** leith. | 5. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** ar a n-acmhainní tástála i ndáil le hardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ***ina*** leith a mhéadú. |

**Leasú 221**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagal 15, féadfaidh ***aon*** údarás inniúil náisiúnta, ar iarratas a bhfuil údar cuí leis, a údarú go gcuirfear ar fáil nó go gcuirfear i seirbhís laistigh de chríoch ***an*** Bhallstáit ***lena mbaineann*** comhpháirt sábháilteachta shonrach le haghaidh ardaitheoirí a ainmníodh mar earra atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear san Airteagal sin curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sí na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta uile is infheidhme. | 1. De mhaolú ar Airteagal 15, féadfaidh ***an*** t-údarás inniúil náisiúnta***,*** tar éis dó ***measúnú riosca a dhéanamh***, a údarú, ar iarraidh a bhfuil údar cuí léi a fháil ***ó oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe ina Bhallstát***, go gcuirfear ar fáil nó go gcuirfear i seirbhís laistigh de chríoch an Bhallstáit ***sin*** comhpháirt sábháilteachta shonrach le haghaidh ardaitheoirí a ainmníodh mar earra atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear san Airteagal sin curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sí na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta uile is infheidhme. |

**Leasú 222**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41c – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfaidh an monaróir gach beart réasúnta a úsáid freisin chun a áirithiú nach bhfágfaidh an t-ardaitheoir nó an chomhpháirt sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí, ar deonaíodh údarú dó nó di de bhun mhíreanna 1 nó 2, críoch an Bhallstáit a dheonaigh an t-údarú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 223**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41c –mír 4 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhíreanna 1 nó 2, leagfar amach ann na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an t-ardaitheoir nó an chomhpháirt sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí a chur ar an margadh, a chur ar fáil nó a chur i seirbhís faoi seach, lena n-áirítear: | 4. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhíreanna 1 nó 2, leagfar amach ann na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an t-ardaitheoir nó an chomhpháirt sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí a chur ar an margadh, a chur ar fáil nó a chur i seirbhís faoi seach, lena n-áirítear an méid seo a leanas ***ar a laghad***: |

**Leasú 224**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41c – mír 4 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, nach féidir a bheith níos déanaí ná an lá | (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, nach féidir a bheith***, mura sonraítear a*** |

deireanach den tréimhse ar ghníomhachtaíodh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** ina leith;

***mhalairt,*** níos déanaí ná an lá deireanach den tréimhse ar gníomhachtaíodh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** ina leith;

**Leasú 225**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41c – mír 4 – pointe e a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) ceanglais lipéadaithe, lena n-áirítear sainaithint radaimhinicíochta, lena léirítear gur údaraíodh na hardaitheoirí agus na comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí faoi mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh.*** |

**Leasú 226**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41c – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. De mhaolú ar Airteagal 41a(3), ***an chéad fhomhír,*** i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ar choinníollacha ***an údaraithe*** dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair freisin***. | 5. De mhaolú ar Airteagal 41a(3), i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ***freisin*** ar na coinníollacha ***agus na ceanglais*** dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 227**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**

Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41c – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***6. De mhaolú ar Airteagail 3 agus 19, ardaitheoirí nó comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí ar deonaíodh údarú ina leith i gcomhréir le míreanna 1 nó 2 den Airteagal seo, ní fhágfaidh siad críoch an Bhallstáit a d'eisigh an t-údarú agus ní bheidh marcáil CE orthu.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41c – mír 7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le hardaitheoirí den sórt sin nó comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí den sórt sin. | 7. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le hardaitheoirí den sórt sin nó comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí den sórt sin. ***Coinneoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na taifid uile a bhaineann le táirgí arna n-údarú faoi mhaolú go ceann tréimhse 10 mbliana. Cuirfidh siad na taifid sin ar fáil d'údaráis eile um fhaireachas margaidh arna iarraidh sin.*** |

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41c – mír 9

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Le cur i bhfeidhm Airteagail 41a go 41g agus le húsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní ***dhéantar*** difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 15 nó 16 ***ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann***. | 9. Le cur i bhfeidhm Airteagail 41a go 41g agus úsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní ***dhéanfar*** difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 15 nó 16. |

**Leasú 230**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41c – mír 9a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9a. Leanfaidh ardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí atá faoi réir maolaithe de bheith bailí go ceann sé mhí tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh. Tar éis na tréimhse sin, ní chuirfear ar fáil ar an margadh iad ach tar éis údarú a fháil faoin ngnáthnós imeachta um údarú dá bhforáiltear sa Treoir seo.*** |

**Leasú 231**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41d –mír 1 – an chuid réamhráiteach – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann an suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a cuireadh san áireamh agus modh | (b) i gcás ina gcuireann an suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a cuireadh san áireamh agus |

| | |
|---|---|
| éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal ***15(4)*** de [Rialachán ***SMEI***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. | modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal ***14*** de [Rialachán ***IMERA***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. |

**Leasú 232**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41e – mír 1 – pointe -a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) i gcás nár glacadh na táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach lena dtugtar aghaidh ar iarraidh de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;*** |

**Leasú 233**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41e – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás nár foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) | (a) i gcás nár foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ***ná nach bhfuiltear ag*** |

| | |
|---|---|
| Uimh. 1025/2012; | ***dréim leis go bhfoilseofar tagairt den sórt sin laistigh de thréimhse ama réasúnta le linn mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh***; |

**Leasú 234**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41e – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le hAirteagal ***15(4)*** de [Rialachán ***SMEI***] mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. | (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** i gcomhréir le hAirteagal ***14*** de [Rialachán ***IMERA***] mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. |

**Leasú 235**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41e – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh ***tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus*** i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(3). Beidh feidhm acu maidir le | 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(3). Beidh feidhm acu maidir le hardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le |

hardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** gníomhach lena linn. ***Le linn luathullmhúchán an*** dréachtghnímh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann, ***baileoidh*** an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais***. ***Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.***

haghaidh ardaitheoirí a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** fós gníomhach ina leith. Agus an dréacht***ghníomh*** cur chun feidhme lena mbunaítear an ***tsonraíocht*** choiteann ***á ullmhú aige***, déanfaidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***a chur san áireamh agus rachaidh sé i gcomhairle go cuí leis*** na ***geallsealbhóirí*** ábhartha ***uile***.

**Leasú 236**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41e – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 41a(3), ***an chéad fhomhír,*** mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na hardaitheoirí agus na comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na hardaitheoirí agus na comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le [Rialachán ***SMEI***]. | 4. De mhaolú ar Airteagal 41a(3), mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na hardaitheoirí agus na comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna éigeantacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na hardaitheoirí agus na comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** i gcomhréir le [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 237**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41e – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta go hiomlán a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach agus atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin ***agus, más iomchuí,*** leasóidh sé ***nó tarraingeoidh sé siar*** an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. | 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta go hiomlán a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin***. Féadfaidh an Coimisiún*** leasú a dhéanamh***, i gcás inarb iomchuí,*** ar an ngníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. |

**Leasú 238**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 41f*** | ***scriosta*** |
| ***Sonraíochtaí coiteanna éigeantacha a ghlacadh*** | |
| ***1. I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna éigeantacha chun na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I le haghaidh ardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a*** | |

***chumhdach.***

***2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna éigeantacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(3) agus beidh feidhm acu maidir le hardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh Aonair gníomhach lena linn. Le linn luathullmhúchán an dréachtghnímh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann, baileoidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais. Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.***

***3. De mhaolú ar Airteagal 41a(3), an chéad fhomhír, mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na hardaitheoirí agus na comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna éigeantacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na hardaitheoirí agus na comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh Aonair i gcomhréir le [Rialachán SMEI].***

**Leasú 239**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**
Treoir 2014/33/AE
Airteagal 41 g – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***a ndícheall*** chun cúnamh a chur ar fáil d'údaráis faireachais margaidh eile le linn éigeandála sa Mhargadh ***Aonair***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh ardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí, a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime.' | 2. ***Áiritheoidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** ar chúnamh a thabhairt d'údaráis eile um fhaireachas margaidh le linn éigeandáil sa mhargadh ***inmheánach***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás um fhaireachas margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh ardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime.***'*** |

**Leasú 240**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 38b go 21h den treoir seo a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***23*** de [***Rialachán SMEI] lena ngníomhachtaítear Airteagal 26 de [Rialachán SMEI***] ***i ndáil leis an Treoir seo***. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 38b go 38g den Treoir seo a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***14(5)*** de [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 241**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38 a – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 38b go 38g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair***. | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 38b go 38g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 242**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38 a – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 38c(2), an dara fomhír, agus ag Airteagal 38c(5) le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair agus tar éis é a dhíghníomhachtú tar éis dó dul in éag.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 243**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38 a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún rialacha a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na gníomhaíochtaí leantacha atá le déanamh i ndáil le táirgí a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagail 38c go 38f. Déanfar na*** | ***scriosta*** |

***gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(3).***

**Leasú 244**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Próiseálfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar tháirgí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar tosaíochta. | 2. Áiritheoidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta ar*** gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar ardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a phróiseáil mar ábhar tosaíochta. |

**Leasú 245**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38b – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní bheidh aon chostas breise ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar tháirgí de bhun mhír 3. | 4. Ní bheidh aon chostas breise ***urghnách*** ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar tháirgí de bhun mhír 3. |

**Leasú 246**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38b – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Déanfaidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***a ndícheall*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil le táirgí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ***ina*** leith. | 5. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** ar a n-acmhainní tástála i ndáil le táirgí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ***ina*** leith a mhéadú. |

**Leasú 247**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagal 13, féadfaidh ***aon*** údarás inniúil náisiúnta, ar iarratas a bhfuil údar cuí leis, a údarú go gcuirfear ar an margadh nó go gcuirfear i seirbhís laistigh de chríoch ***an*** Bhallstáit ***lena mbaineann*** táirge sonrach a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear san Airteagal sin curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sé na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta uile is infheidhme. | 1. De mhaolú ar Airteagal 13, féadfaidh ***an*** t-údarás inniúil náisiúnta***,*** tar éis dó ***measúnú riosca a dhéanamh***, a údarú, ar iarraidh a bhfuil údar cuí léi a fháil ***ó oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe ina Bhallstát***, go gcuirfear ar an margadh nó go gcuirfear i seirbhís laistigh de chríoch an Bhallstáit ***sin***, táirge sonrach a ainmníodh mar earra atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra, dá dtagraítear san Airteagal sin, curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sí na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta uile is infheidhme. |

**Leasú 248**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38c – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfaidh an monaróir gach beart réasúnta a úsáid freisin chun a áirithiú nach bhfágfaidh an táirge, ar deonaíodh údarú dó de bhun mhír 1, críoch an Bhallstáit a dheonaigh an t-údarú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 249**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38c –mír 3 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach ann na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an táirge a chur ar an margadh nó a chur i seirbhís, lena n-áirítear: | 3. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach ann na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an táirge a chur ar an margadh nó a chur i seirbhís, lena n-áirítear an méid seo a leanas ***ar a laghad***: |

**Leasú 250**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38c – mír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, nach féidir a bheith níos déanaí ná an lá deireanach den tréimhse ar ghníomhachtaíodh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** ina leith; | (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, nach féidir a bheith***, mura sonraítear a mhalairt,*** níos déanaí ná an lá deireanach den tréimhse ar gníomhachtaíodh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** ina leith; |

**Leasú 251**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**

Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38c – mír 3 – pointe e a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) ceanglais lipéadaithe, lena n-áirítear sainaithint radaimhiniciochta, lena léirítear gur údaraíodh an táirge faoi mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh.*** |

**Leasú 252**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38c – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 38a(3)***, an chéad fhomhír,*** i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ar choinníollacha ***an údaraithe*** dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair freisin***. | 4. De mhaolú ar Airteagal 38a(3), i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ***freisin*** ar na coinníollacha ***agus na ceanglais*** dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 253**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38c – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***5. De mhaolú ar Airteagail 5 agus 16, táirgí ar deonaíodh údarú ina leith i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, ní fhágfaidh siad críoch an Bhallstáit a d'eisigh an t-údarú agus ní bheidh marcáil CE orthu.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 254**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38c – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le táirgí den sórt sin. | 6. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le táirgí den sórt sin. ***Coinneoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na taifid uile a bhaineann le táirgí arna n-údarú faoi mhaolú go ceann tréimhse 10 mbliana. Cuirfidh siad na taifid sin ar fáil d'údaráis eile um fhaireachas margaidh arna iarraidh sin.*** |

**Leasú 255**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38c – mír 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Le cur i bhfeidhm Airteagail 38a go 38g agus le húsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní ***dhéantar*** difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 13 ***ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann***. | 8. Le cur i bhfeidhm Airteagail 38a go 38g agus le húsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní dhéanfar difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 13. |

**Leasú 256**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**

Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38c – mír 8 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Leanfaidh táirgí atá faoi réir maolaithe de bheith bailí go ceann sé mhí tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh. Tar éis na tréimhse sin, ní chuirfear ar fáil ar an margadh iad ach tar éis údarú a fháil faoin ngnáthnós imeachta um údarú dá bhforáiltear sa Treoir seo.*** |

**Leasú 257**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38d –mír 1 – an chuid réamhráiteach – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a cuireadh san áireamh agus modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal ***15(4)*** de [Rialachán ***SMEI***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. | (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a cuireadh san áireamh agus modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal ***14*** de [Rialachán ***IMERA***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sláinte sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. |

**Leasú 258**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**

Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38e – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) i gcás nár glacadh na táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach lena dtugtar aghaidh ar iarraidh de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;*** |

**Leasú 259**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38e – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás nár foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012; | (a) i gcás nár foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ***ná nach bhfuiltear ag dréim leis go bhfoilseofar tagairt den sórt sin laistigh de thréimhse ama réasúnta le linn mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh***; |

**Leasú 260**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38e – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a raibh gníomhachtú mhodh | (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a raibh gníomhachtú mhodh |

| | |
|---|---|
| éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le hAirteagal ***15(4)*** de [Rialachán ***SMEI***] mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. | éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** i gcomhréir le hAirteagal ***14*** de [Rialachán ***IMERA***] mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. |

**Leasú 261**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38e – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh ***tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus*** i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(3). Beidh feidhm acu maidir le táirgí a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** gníomhach lena linn. ***Le linn luathullmhúchán an*** dréacht***ghnímh*** cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann, ***baileoidh*** an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais***. ***Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.*** | 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(3). Beidh feidhm acu maidir le táirgí a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** fós gníomhach lena linn. Agus an dréacht***ghníomh*** cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann ***á ullmhú*** aige, déanfaidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***a chur san áireamh*** a***gus rachaidh sé i gcomhairle go cuí leis na geallsealbhóirí*** ábhartha uile. |

**Leasú 262**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38e – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 38a(3), ***an chéad fhomhír,*** mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na táirgí a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na táirgí atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le [Rialachán ***SMEI***]. | 4. De mhaolú ar Airteagal 38a(3), an chéad fhomhír, mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na táirgí a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na táirgí atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** i gcomhréir le [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 263**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38e – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta go hiomlán a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach agus atá leagtha amach in Iarscríbhinn II, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin ***agus, más iomchuí,*** leasóidh sé ***nó tarraingeoidh sé siar*** an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. | 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta go hiomlán a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach agus a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin***. Féadfaidh an Coimisiún*** leasú a dhéanamh***, i gcás inarb iomchuí,*** ar an ngníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. |

**Leasú 264**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 38f*** | ***scriosta*** |
| ***Sonraíochtaí coiteanna éigeantacha a ghlacadh*** | |
| ***1. I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna éigeantacha chun na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II le haghaidh táirgí a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a chumhdach.*** | |
| ***2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna éigeantacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(3). Beidh feidhm acu maidir le táirgí a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh Aonair gníomhach lena linn. Le linn luathullmhúchán an dréachtghnímh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann, baileoidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais. Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.*** | |

***3. De mhaolú ar Airteagal 38a(3), an chéad fhomhír, mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis na táirgí a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna éigeantacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na táirgí atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh Aonair i gcomhréir le [Rialachán SMEI].***

**Leasú 265**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**
Treoir 2014/34/AE
Airteagal 38g – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***a ndícheall*** chun cúnamh a chur ar fáil d'údaráis faireachais margaidh eile le linn éigeandála sa Mhargadh ***Aonair***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh táirgí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime.' | 1. ***Áiritheoidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** ar chúnamh a thabhairt d'údaráis eile um fhaireachas margaidh le linn éigeandáil sa mhargadh ***inmheánach***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás um fhaireachas margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh táirgí a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime.' |

**Leasú 266**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**
Treoir 2014/35/AE
Airteagal 22 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 22b ***go 22c*** agus 22d den Treoir l seo a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***23*** de [***Rialachán SMEI] lena ngníomhachtaítear Airteagal 26 de [Rialachán SMEI***] ***i ndáil leis an Treoir seo***. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 22 agus 22d den Treoir sin a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***14(5)*** de [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 267**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**
Treoir 2014/35/AE
Airteagal 22 a – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 22b***, 22c*** agus 22d a thrasuí go heisiach maidir le trealamh leictreach, a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. | 2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 22b agus 22d a thrasuí go heisiach maidir le trealamh leictreach, a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. |

**Leasú 268**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**
Treoir 2014/35/AE
Airteagal 22 a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun |

| | |
|---|---|
| Airteagail 22b***, 22c*** agus 22d a thrasuí le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair***. | Airteagail 22b agus 22d a thrasuí le linn mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 269**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**
Treoir 2014/35/AE
Airteagal 22 a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún rialacha a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na gníomhaíochtaí leantacha atá le déanamh i ndáil le trealamh leictreach a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagail 22b go 22c. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(2).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 270**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**
Treoir 2014/35/AE
Airteagal 22b – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) i gcás nár glacadh na táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach lena dtugtar aghaidh ar iarraidh de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;*** |

**Leasú 271**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**
Treoir 2014/35/AE
Airteagal 22b – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás nár foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear an cuspóir sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012; | (a) i gcás nár foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear an cuspóir sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ***ná nach bhfuiltear ag dréim leis go bhfoilseofar tagairt den sórt sin laistigh de thréimhse ama réasúnta le linn mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh***; |

**Leasú 272**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**
Treoir 2014/35/AE
Airteagal 22b – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le hAirteagal ***15(4)*** de [Rialachán ***SMEI***] mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na cuspóirí sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 3 agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. | (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** i gcomhréir le hAirteagal ***14*** de [Rialachán ***IMERA***] mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na cuspóirí sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 3 agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. |

**Leasú 273**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**
Treoir 2014/35/AE
Airteagal 22b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh ***tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus*** i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(2). Beidh feidhm acu maidir le trealamh leictreach a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** gníomhach lena linn. ***Le linn luathullmhúchán an*** dréachtghnímh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann, ***baileoidh*** an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais***. ***Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.*** | 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(2). Beidh feidhm acu maidir le trealamh leictreach a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** fós gníomhach lena linn. Agus an dréacht***ghníomh*** cur chun feidhme lena mbunaítear an ***tsonraíocht*** choiteann ***á ullmhú aige***, déanfaidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***a chur san áireamh agus rachaidh sé i gcomhairle go cuí leis*** na ***geallsealbhóirí*** ábhartha ***uile***. |

**Leasú 274**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**
Treoir 2014/35/AE
Airteagal 22b – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 22a(3), mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis an trealamh leictreach a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, an trealamh leictreach atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh sé i | 4. De mhaolú ar Airteagal 22a(3), mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis an trealamh leictreach a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna éigeantacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, an trealamh leictreach atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh sé i |

| | |
|---|---|
| gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le [Rialachán ***SMEI***]. | gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** i gcomhréir le [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 275**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**
Treoir 2014/35/AE
Airteagal 22b – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na cuspóirí sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 3 agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I go hiomlán, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin ***agus, más iomchuí,*** leasóidh sé ***nó tarraingeoidh sé siar*** an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. | 5. Nuair a mheasann Ballstát nach ndéanann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na cuspóirí sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chomhlíonadh go hiomlán, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin***. Féadfaidh an Coimisiún*** leasú a dhéanamh***, i gcás inarb iomchuí,*** ar an ngníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. |

**Leasú 276**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**
Treoir 2014/35/AE
Airteagal 22c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 22c*** | ***scriosta*** |
| ***Sonraíochtaí coiteanna éigeantacha a ghlacadh*** | |
| ***1. I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, tugtar de chumhacht don*** | |

***Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna éigeantacha chun na cuspóirí sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 3 agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I le haghaidh trealamh leictreach a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a chumhdach.***

***2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna éigeantacha, dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, a ghlacadh tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(2). Beidh feidhm acu maidir le trealamh leictreach a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh Aonair gníomhach lena linn. Le linn luathullmhúchán an dréachtghnímh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann, baileoidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais. Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.***

***3. De mhaolú ar Airteagal 22a(3), mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis an trealamh leictreach a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna éigeantacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, an trealamh leictreach atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh sé i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh Aonair***

***i gcomhréir le [Rialachán SMEI].***

**Leasú 277**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**
Treoir 2014/35/AE
Airteagal 22d – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Déanfaidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát a ndícheall chun cúnamh a chur ar fáil d'údaráis faireachais margaidh eile le linn éigeandála sa Mhargadh ***Aonair***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh trealamh raidió a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime.' | 2. ***Áiritheoidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** ar chúnamh a thabhairt d'údaráis eile um fhaireachas margaidh le linn éigeandáil sa mhargadh ***inmheánach***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás um fhaireachas margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh trealamh leictreach a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime. |

**Leasú 278**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 43b go 43g den treoir seo a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***23*** de [***Rialachán SMEI] lena ngníomhachtaítear Airteagal 26 de [Rialachán SMEI***] ***i ndáil leis an Treoir seo***. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 43b go 43g den Treoir sin a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***14(5)*** de [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 279**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43 a – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 43b go 43g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair.*** | Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 43b go 43g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 280**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43 a – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 43c(2), an dara fomhír, agus ag Airteagal 43c(5) le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair agus tar éis é a dhíghníomhachtú tar éis dó dul in éag.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 281**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43 a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún rialacha a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na gníomhaíochtaí leantacha atá le déanamh i ndáil le trealamh raidió a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagail 43c go 43f. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a*** | ***scriosta*** |

***ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 45(3).***

**Leasú 282**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Próiseálfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar threalamh raidió a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar tosaíochta. | 2. Áiritheoidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta ar*** gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar threalamh raidió a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a phróiseáil mar ábhar tosaíochta. |

**Leasú 283**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43b – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní bheidh aon chostas breise ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar threalamh raidió de bhun mhír 3. | 4. Ní bheidh aon chostas breise ***urghnách*** ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar threalamh raidió de bhun mhír 3. |

**Leasú 284**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43b – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Déanfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***a ndícheall*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil le trealamh raidió a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ***ina*** leith. | 5. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** ar a n-acmhainní tástála i ndáil le trealamh raidió a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ***ina*** leith a mhéadú. |

**Leasú 285**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagal 17, féadfaidh ***aon*** údarás inniúil náisiúnta, ar iarratas a bhfuil údar cuí leis, a údarú go gcuirfear ar an margadh laistigh de chríoch ***an*** Bhallstáit ***lena mbaineann*** trealamh raidió sonrach a ainmníodh mar earra atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear san Airteagal sin curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sé na buncheanglais uile is infheidhme. | 1. De mhaolú ar Airteagal 17, féadfaidh ***an*** t-údarás inniúil náisiúnta, tar éis dó ***measúnú riosca a dhéanamh,*** a údarú, ar iarraidh a bhfuil údar cuí léi a fháil ***ó oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe ina Bhallstát***, go gcuirfear ar an margadh laistigh de chríoch an Bhallstáit ***sin*** trealamh raidió sonrach a ainmníodh mar earra atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear san Airteagal sin curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sé na buncheanglais uile is infheidhme. |

**Leasú 286**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43c – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Dearbhóidh monaróir trealaimh raidió atá faoi réir an nós imeachta um údarú dá dtagraítear i mír 1, dá fhreagracht féin, go gcomhlíonann an trealamh raidió lena mbaineann na buncheanglais uile is infheidhme agus beidh sé freagrach as na nósanna imeachta uile um measúnú comhréireachta arna sonrú ag an údarás inniúil náisiúnta a chomhlíonadh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 287**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43c –mír 3 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach ann na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an trealamh raidió a chur ar an margadh, lena n-áirítear: | 3. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach ann na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an trealamh raidió a chur ar an margadh, lena n-áirítear an méid seo a leanas ***ar a laghad***: |

**Leasú 288**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43c – mír 3 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, nach féidir a bheith níos déanaí ná an lá deireanach den tréimhse ar ghníomhachtaíodh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** ina leith; | (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, nach féidir a bheith***, mura sonraítear a mhalairt,*** níos déanaí ná an lá deireanach den tréimhse ar gníomhachtaíodh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** ina leith; |

**Leasú 289**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43c – mír 3 – pointe e a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) ceanglais lipéadaithe, lena n-áirítear sainaithint radaimhinicíochta, lena léirítear gur údaraíodh an trealamh raidió faoi mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh.*** |

**Leasú 290**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43c – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. De mhaolú ar Airteagail 9 agus 20, trealamh raidió ar deonaíodh údarú ina leith i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, ní fhágfaidh sé críoch an Bhallstáit a d'eisigh an t-údarú agus ní bheidh marcáil CE air.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 291**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43c – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo | 5. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo |

| | |
|---|---|
| maidir le trealamh raidió den sórt sin. | maidir le trealamh raidió den sórt sin. ***Coinneoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na taifid uile a bhaineann le táirgí arna n-údarú faoi mhaolú go ceann tréimhse 10 mbliana. Cuirfidh siad na taifid sin ar fáil d'údaráis eile um fhaireachas margaidh arna iarraidh sin.*** |

**Leasú 292**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43c – mír 7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Le cur i bhfeidhm Airteagail 43a go 43g agus le húsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní ***dhéantar*** difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 17 ***ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann***. | 7. Le cur i bhfeidhm Airteagail 43a go 43g agus úsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní ***dhéanfar*** difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 17. |

**Leasú 293**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43c – mír 7a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Leanfaidh trealamh raidió atá faoi réir maolaithe de bheith bailí go ceann sé mhí tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh. Tar éis na tréimhse sin, ní chuirfear ar fáil ar an margadh é ach tar éis údarú a fháil faoin ngnáthnós imeachta um údarú dá bhforáiltear sa Treoir seo.*** |

**Leasú 294**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43d –mír 1 – an chuid réamhráiteach – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a cuireadh san áireamh agus modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal ***15(4)*** de [Rialachán ***SMEI***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Airteagal 3 den Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. ***025***/2012. | (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a cuireadh san áireamh agus modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal ***14*** de [Rialachán ***IMERA***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Airteagal 3 den Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. ***1025***/2012. |

**Leasú 295**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43e – mír 1 – pointe -a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) i gcás nár glacadh na táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach lena dtugtar aghaidh ar iarraidh de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;*** |

**Leasú 296**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43e – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás nár foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Airteagal 3 in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012; | (a) i gcás nár foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Airteagal 3 in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ***ná nach bhfuiltear ag dréim leis go bhfoilseofar tagairt den sórt sin laistigh de thréimhse ama réasúnta le linn mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh***; |

**Leasú 297**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43e – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le hAirteagal ***15(4)*** de [Rialachán ***SMEI***] mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Airteagal 3 den Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. | (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** i gcomhréir le hAirteagal ***14*** de [Rialachán ***IMERA***] mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais ábhartha a leagtar amach in Airteagal 3 den Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. |

**Leasú 298**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43e – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh ***tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus*** i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 45(3). Beidh feidhm acu maidir le trealamh raidió a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** gníomhach lena linn. ***Le linn luathullmhúchán na*** ndréachtghníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear na ***sonraíochtaí*** coiteanna, ***baileoidh*** an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais***. ***Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.*** | 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 45(3). Beidh feidhm acu maidir le trealamh raidió a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh ***modh*** éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** fós gníomhach lena linn. Agus an dréacht***ghníomh*** cur chun feidhme lena mbunaítear an ***tsonraíocht*** choiteann ***á ullmhú aige***, déanfaidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***a chur san áireamh agus rachaidh sé i gcomhairle go cuí leis*** na ***geallsealbhóirí*** ábhartha ***uile***. |

**Leasú 299**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43e – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 43a(3), ***an chéad fhomhír,*** mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis an trealamh raidió a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, an trealamh raidió atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh sé i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag | 4. De mhaolú ar Airteagal 43a(3), mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis an trealamh raidió a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna éigeantacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, an trealamh raidió atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh sé i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó |

| | |
|---|---|
| nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le [Rialachán ***SMEI***] | dhíghníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** i gcomhréir le [Rialachán ***IMERA***] |

**Leasú 300**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43e – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais go hiomlán a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach agus atá leagtha amach in Airteagal 3, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin ***agus, más iomchuí,*** leasóidh sé ***nó tarraingeoidh sé siar*** an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. | 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais go hiomlán a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach agus a leagtar amach in Airteagal 3, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin***. Féadfaidh an Coimisiún*** leasú a dhéanamh***, i gcás inarb iomchuí,*** ar an ngníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. |

**Leasú 301**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 43f*** | ***scriosta*** |
| ***Sonraíochtaí coiteanna éigeantacha a ghlacadh*** | |
| 1. ***I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna éigeantacha chun*** | |

***na buncheanglais a leagtar amach in Airteagal 3 le haghaidh trealamh raidió a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a chumhdach.***

2. ***Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna éigeantacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 45(3) agus beidh feidhm acu maidir le trealamh raidió a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh Aonair gníomhach lena linn. Le linn luathullmhúchán na ndréachtghníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear na sonraíochtaí coiteanna, baileoidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais. Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.***

3. ***De mhaolú ar Airteagal 43a(3), an chéad fhomhír, mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis an trealamh raidió a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna éigeantacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, an trealamh raidió atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh sé i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh Aonair i gcomhréir le [Rialachán SMEI].***

**Leasú 302**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**
Treoir 2014/53/AE
Airteagal 43 g – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***a ndícheall*** chun cúnamh a chur ar fáil d’údaráis faireachais margaidh eile le linn éigeandála sa Mhargadh ***Aonair***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh trealamh raidió a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime.’ | 2. ***Áiritheoidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** ar chúnamh a thabhairt d’údaráis eile um fhaireachas margaidh le linn éigeandáil sa mhargadh ***inmheánach***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás um fhaireachas margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh trealamh raidió a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime. |

**Leasú 303**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 43b go 43g den treoir seo a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***23*** de [***Rialachán SMEI] lena ngníomhachtaítear Airteagal 26 de [Rialachán SMEI***] ***i ndáil leis an Treoir seo***. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 43b go 43g den Treoir sin a thrasuí ach amháin más rud é gur ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal ***14(5)*** de [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 304**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43 a – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 43b go 43g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair.*** | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na bearta a ghlactar chun Airteagail 43b go 43g a thrasuí le linn mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 305**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43 a – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 43c(2), an dara fomhír, agus ag Airteagal 17c(5) le linn mhodh éigeandála an Mhargaidh Aonair agus tar éis é a dhíghníomhachtú tar éis dó dul in éag.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 306**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43 a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún rialacha a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na gníomhaíochtaí leantacha atá le déanamh i ndáil le brú-threalamh agus cóimeálacha a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagail 43c go 43f. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis*** | ***scriosta*** |

***an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(3).***

**Leasú 307**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Próiseálfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar bhrú-threalamh agus cóimeálacha a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime mar ábhar tosaíochta. | 2. Áiritheoidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta ar*** gach iarratas ar mheasúnú comhréireachta ar bhrú-threalamh agus cóimeálacha a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a phróiseáil mar ábhar tosaíochta. |

**Leasú 308**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43b – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní bheidh aon chostas breise ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar bhrú-threalamh agus cóimeálacha de bhun mhír 3. | 4. Ní bheidh aon chostas breise ***urghnách*** ar na monaróirí, a thaisc na hiarratais sin, mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar mheasúnú comhréireachta ar bhrú-threalamh agus cóimeálacha de bhun mhír 3. |

**Leasú 309**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43b – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Déanfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***a ndícheall*** chun a n-acmhainní tástála a mhéadú i ndáil le brú-threalamh agus cóimeálacha a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ina leith. | 5. ***Áiritheoidh*** na comhlachtaí faoina dtugtar fógra ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** ar a n-acmhainní tástála i ndáil le brú-threalamh agus cóimeálacha a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime agus ar tugadh fógra dóibh ina leith a mhéadú. |

**Leasú 310**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagal 14, féadfaidh ***aon*** údarás inniúil náisiúnta, ar iarratas a bhfuil údar cuí leis, a údarú go gcuirfear ar an margadh nó go gcuirfear i seirbhís laistigh de chríoch ***an*** Bhallstáit ***lena mbaineann*** brú-threalamh sonrach nó cóimeálach sonrach a ainmníodh mar earraí nó earra atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear san Airteagal sin curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sé na buncheanglais sábháilteachta uile is infheidhme. | 1. De mhaolú ar Airteagal 14, féadfaidh ***an*** t-údarás inniúil náisiúnta, tar éis dó ***measúnú riosca a dhéanamh,*** a údarú, ar iarraidh a bhfuil údar cuí léi a fháil ***ó oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe ina Bhallstát***, go gcuirfear ar an margadh nó go gcuirfear i seirbhís laistigh de chríoch an Bhallstáit ***sin***, brú-threalamh sonrach nó cóimeálach sonrach a ainmníodh mar earraí nó earra atá ábhartha i gcás géarchéime agus nach bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear rannpháirtíocht éigeantach comhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear san Airteagal sin curtha i gcrích ina leith ag comhlacht faoina dtugtar fógra, ach ar léiríodh ina leith go gcomhlíonann sé na buncheanglais sábháilteachta uile is infheidhme. |

**Leasú 311**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**

Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43c – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfaidh an monaróir gach beart réasúnta a úsáid freisin chun a áirithiú nach bhfágfaidh an brú-threalamh nó an cóimeálach, ar deonaíodh údarú dó de bhun mhír 1, críoch an Bhallstáit a dheonaigh an t-údarú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 312**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43c –mír 3 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach ann na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an brú-threalamh nó an cóimeálach a chur ar an margadh nó a chur i seirbhís, lena n-áirítear: | 3. Aon údarú arna eisiúint ag údarás inniúil náisiúnta de bhun mhír 1, leagfar amach ann na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhféadfar an brú-threalamh nó an cóimeálach a chur ar an margadh nó a chur i seirbhís, lena n-áirítear an méid seo a leanas ***ar a laghad***: |

**Leasú 313**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43c – mír 3 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, nach féidir a bheith níos déanaí ná an lá deireanach den tréimhse ar ghníomhachtaíodh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** ina leith; | (c) dáta deiridh bhailíocht an údaraithe, nach féidir a bheith***, mura sonraítear a mhalairt,*** níos déanaí ná an lá deireanach den tréimhse ar gníomhachtaíodh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** ina leith; |

**Leasú 314**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43c – mír 3 – pointe e a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) ceanglais lipéadaithe, lena n-áirítear sainaithint radaimhinicíochta, lena léirítear gur údaraíodh an brú-threalamh agus an cóimeálach faoi mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh.*** |

**Leasú 315**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43c – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 43a(3)***, an chéad fhomhír***, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ar choinníollacha ***an údaraithe*** dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair freisin***. | 4. De mhaolú ar Airteagal 43a(3), i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leasú a dhéanamh ***freisin*** ar na coinníollacha ***agus na ceanglais*** dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh***. |

**Leasú 316**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43c – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***De mhaolú ar Airteagail 5 agus 19, brú-threalamh nó cóimeálacha ar deonaíodh údarú ina leith i gcomhréir le*** | ***scriosta*** |

***mír 1 den Airteagal seo, ní fhágfaidh sé críoch an Bhallstáit a d'eisigh an t-údarú agus ní bheidh marcáil CE air.***

**Leasú 317**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43c – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le brú-threalamh nó cóimeálacha den sórt sin. | 6. Beidh údaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit, ar dheonaigh a údarás inniúil údarú de bhun mhír 1, i dteideal gach beart ceartaitheach agus sriantach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dá bhforáiltear faoin Treoir seo maidir le brú-threalamh nó cóimeálacha den sórt sin. ***Coinneoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na taifid uile a bhaineann le táirgí arna n-údarú faoi mhaolú go ceann tréimhse 10 mbliana. Cuirfidh siad na taifid sin ar fáil d'údaráis eile um fhaireachas margaidh arna iarraidh sin.*** |

**Leasú 318**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43c – mír 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Le cur i bhfeidhm Airteagail 43a go 43g agus le húsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní ***dhéantar*** difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 14 ***ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann***. | 8. Le cur i bhfeidhm Airteagail 43a go 43g agus úsáid an nós imeachta um údarú a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní ***dhéanfar*** difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 14. |

**Leasú 319**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43c – mír 8a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Leanfaidh brú-threalamh agus cóimeálach atá faoi réir maolaithe de bheith bailí go ceann sé mhí tar éis dhíghníomhachtú nó dhul in éag mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh. Tar éis na tréimhse sin, ní chuirfear ar fáil ar an margadh iad ach tar éis údarú a fháil faoin ngnáthnós imeachta um údarú dá bhforáiltear sa Treoir seo.*** |

**Leasú 320**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43d –mír 1 – an chuid réamhráiteach – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a cuireadh san áireamh agus modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal ***15(4)*** de [Rialachán ***SMEI***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. | (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a cuireadh san áireamh agus modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** á ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal ***14*** de [Rialachán ***IMERA***], srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo agus a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. |

**Leasú 321**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43e – mír 1 – pointe -a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) i gcás nár glacadh na táirgí insoláthartha a bhaineann le caighdeánú Eorpach lena dtugtar aghaidh ar iarraidh de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;*** |

**Leasú 322**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43e – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás nár foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012; | (a) i gcás nár foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ***ná nach bhfuiltear ag dréim leis go bhfoilseofar tagairt den sórt sin laistigh de thréimhse ama réasúnta le linn mhodh éigeandála an mhargaidh inmheánaigh***; |

**Leasú 323**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43e – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh | (b) i gcás ina gcuireann suaitheadh |

| | |
|---|---|
| tromchúiseach i bhfeidhmiú an Mhargaidh ***Aonair***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. | tromchúiseach i bhfeidhmiú an mhargaidh ***inmheánaigh***, a raibh gníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh i gcomhréir le hAirteagal 14 de [Rialachán IMERA]*** mar thoradh air, srian suntasach ar na féidearthachtaí atá ag monaróirí úsáid a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo a foilsíodh cheana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. |

**Leasú 324**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43e – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh ***tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus*** i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(3). Beidh feidhm acu maidir leis an mbrú-threalamh agus an cóimeálach a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** gníomhach lena linn. ***Le linn luathullmhúchán na*** ndréachtghníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear na ***sonraíochtaí*** coiteanna, ***baileoidh*** an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***nó na ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais***. ***Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.*** | 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Treoir seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(3). Beidh feidhm acu maidir leis an mbrú-threalamh agus an cóimeálach a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** fós gníomhach lena linn. Agus an dréacht***ghníomh*** cur chun feidhme lena mbunaítear an ***tsonraíocht*** choiteann ***á ullmhú aige***, déanfaidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha ***a chur san áireamh agus rachaidh sé i gcomhairle go cuí leis*** na ***geallsealbhóirí*** ábhartha ***uile***. |

**Leasú 325**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43e – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar Airteagal 43a(3), ***an chéad fhomhír,*** mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis an mbrú-threalamh agus na cóimeálacha a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den ***Airteagal*** seo, an brú-threalamh agus na cóimeálacha atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh sé nó siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh ***Aonair*** i gcomhréir le [Rialachán ***SMEI***]. | 4. De mhaolú ar Airteagal 43a(3), mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis an mbrú-threalamh agus na cóimeálacha a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den ***Airteagal*** seo, an brú-threalamh agus na cóimeálacha atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh éigeandála an mhargaidh ***inmheánaigh*** i gcomhréir le [Rialachán ***IMERA***]. |

**Leasú 326**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43e – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais sábháilteachta go hiomlán a bhfuil sé d’aidhm acu a chumhdach agus atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin ***agus, más iomchuí,*** leasóidh sé ***nó*** | 5. Nuair a mheasann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann dá dtagraítear i mír 1 na buncheanglais sábháilteachta go hiomlán a bhfuil sé d’aidhm acu a chumhdach agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin le míniú mionsonraithe agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin. ***Féadfaidh an Coimisiún*** leasú a |

| | |
|---|---|
| ***tarraingeoidh sé siar*** an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. | dhéanamh***, i gcás inarb iomchuí,*** ar an ngníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist. |

**Leasú 327**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 43f*** | ***scriosta*** |
| ***Sonraíochtaí coiteanna éigeantacha a ghlacadh*** | |
| ***1. I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna éigeantacha chun na buncheanglais sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II le haghaidh brú-threalaimh agus cóimeálach, a ainmníodh mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime a chumhdach.*** | |
| ***2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna éigeantacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh tar éis dul i gcomhairle leis na saineolaithe earnála agus i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(3). Beidh feidhm acu maidir le brú-threalamh agus cóimeálacha a chuirtear ar an margadh go dtí an lá deireanach den tréimhse a mbeidh modh éigeandála an Mhargaidh Aonair gníomhach lena linn. Le linn luathullmhúchán na ndréachtghníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear na sonraíochtaí coiteanna, baileoidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha nó na*** | |

***ngrúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais. Bunaithe ar an gcomhairliúchán sin, ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme.***

***3. De mhaolú ar Airteagal 43a(3), an chéad fhomhír, mura bhfuil cúis leordhóthanach ann lena chreidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine leis an mbrú-threalamh agus na cóimeálacha a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, an brú-threalamh agus na cóimeálacha atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna sin agus a cuireadh ar an margadh, measfar go mbeidh sé nó siad i gcomhréir leis an Treoir seo tar éis dul in éag nó aisghairm gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus tar éis dhul in éag nó dhíghníomhachtú mhodh Éigeandála an Mhargaidh Aonair i gcomhréir le [Rialachán SMEI].***

**Leasú 328**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**
Treoir 2014/68/AE
Airteagal 43 g – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Déanfaidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***a ndícheall*** chun cúnamh a chur ar fáil d'údaráis faireachais margaidh eile le linn éigeandála sa Mhargadh ***Aonair***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás faireachais margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne tástála le haghaidh | 2. ***Áiritheoidh*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ***go ndéanfar gach iarracht réasúnta*** ar chúnamh a thabhairt d'údaráis eile um fhaireachas margaidh le linn éigeandáil sa mhargadh ***inmheánach***, lena n-áirítear trí fhoirne saineolaithe a shlógadh agus a sheoladh chun foireann na n-údarás um fhaireachas margaidh a iarrann cúnamh a threisiú ar bhonn sealadach nó trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar amhail atreisiú na hacmhainne |

| | |
|---|---|
| brú-threalaimh agus cóimeálach a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime.’ | tástála le haghaidh brú-threalamh agus cóimeálacha a ainmnítear mar earraí atá ábhartha i gcás géarchéime.’ |

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

### 1. Réamhrá

An 19 Meán Fómhair 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an togra le haghaidh 'Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair' (SMEI) agus dhá thogra reachtacha ina bhfuil leasuithe spriocdhírithe ar reachtaíocht earnálach. Cuireann SMEI creat ginearálta ar fáil le haghaidh freagairt AE ar ghéarchéimeanna sa mhargadh inmheánach agus comhlánaíonn sé sásraí earnáilsonracha eile freagartha ar ghéarchéimeanna amhail an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus creataí géarchéime earnáilsonracha i réimsí na sláinte, na leathsheoltóirí nó na slándála bia.

Tarraingíodh suas SMEI mar fhreagairt ar ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh le linn phaindéim COVID-19, áit ar chuir dúnadh ad hoc aontaobhach teorann isteach ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus oibrithe, agus inar ghéaraigh an cur isteach ar an slabhra soláthair. Mar thoradh ar an ngéarchéim nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, thosaigh na Ballstáit ag freagairt anásta, a raibh easpa comhordaithe agus dlúthpháirtíochta mar thoradh uirthi, agus tugadh isteach srianta gan údar, gan a n-éifeacht uafásach ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a chur san áireamh go hiomlán. Foráiltear leis an ionstraim nua do chreat rialachais géarchéime cothrománach chun a áirithiú go bhfanfaidh an margadh inmheánach oscailte agus go mbeidh slabhraí soláthair níos athléimní.

### 2. An Dréacht-Tuarascáil

Tacaíonn an Rapóirtéir go hiomlán le cuspóir an Rialacháin maidir le saorghluaiseacht earraí, oibrithe agus seirbhísí a chosaint. Ag an am céanna, creideann an Rapóirtéir go bhfuil athléimneacht ríthábhachtach chun a áirithiú go mbainfidh an margadh inmheánach a sprioc dheiridh amach, is é sin tacú le geilleagar AE. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir **an teideal a athrú go 'Gníomh um Éigeandáil agus Athléimneacht an Mhargaidh Inmheánaigh' (IMERA) agus athruithe breise a thabhairt isteach chun athléimneacht an Aontais a neartú.** Is díol sásaimh don Rapóirtéir cur chuige IMERA maidir le saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus oibrithe a chaomhnú. Le linn phaindéim COVID-19, bhí na cearta atá ag oibrithe agus ag cuideachtaí, mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad, teoranta go díréireach. Ba mhaith leis an Rapóirtéir a thabhairt chun suntais nach gcuirtear saoirsí an Chonartha ar fionraí le linn géarchéimeanna: is minic a chuir srianta aontaobhacha ar shaorghluaiseacht bac ar an bhfreagairt ar ghéarchéimeanna, amhail soghluaisteacht oibrithe sláinte, soláthraithe seirbhísí cothabhála innealra ospidéil nó infhaighteacht soláthairtí bia a theorannú. Dá bhrí sin, leagann an Rapóirtéir béim ar an ról tábhachtach a bhí ag "lánaí tapa" le linn na paindéime agus cuireann sé i bhfios go láidir gur cheart don ionstraim nua na bearta sin a fhorbairt tuilleadh.

Le linn phaindéim Covid 19 agus freagairt AE ar chogadh neamhdhleathach na Rúise san Úcráin, comhlánaíodh na freagairtí ar ghéarchéimeanna faoi stiúir an rialtais leis na coigeartuithe tapa a rinne cuideachtaí ar a slabhraí soláthair agus a línte táirgthe. Creideann an Rapóirtéir nach mór d'idirghabhálacha margaidh a bheith ina n-ionstraimí rogha deiridh i gcónaí, agus go bhfuil sásraí margadhbhunaithe amhail soláthar agus comhar idir an rialtas agus an tionscal níos fearr, níos tapúla agus níos éifeachtúla mar fhreagairtí ar ghéarchéimeanna.

I bhfianaise na mbreithnithe sin, neartaíonn an Rapóirtéir roinnt gnéithe, go háirithe maidir le

hathléimneacht agus saorghluaiseacht oibrithe, earraí agus seirbhísí. Ag an am céanna, is mian leis a áirithiú, le linn géarchéime, go rialaíonn spiorad an chomhair agus na dlúthpháirtíochta an caidreamh idir rialtais agus cuideachtaí atá toilteanach cabhrú.

**2.2 Athléimneacht le linn an mhodha teagmhais**

**Creideann an Rapóirtéir nach mór do IMERA athléimneacht na slabhraí soláthair a mhéadú trí chomhar idir gnólachtaí, an Coimisiún agus na Ballstáit a chothú ar bhonn deonach.** Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna na ngníomhaithe uile a áirithiú trí thástálacha struis débhliantúla, oiliúint agus prótacail ghéarchéime lena mbaineann ní hamháin na húdaráis náisiúnta ábhartha uile, ach geallsealbhóirí amhail gnólachtaí, comhpháirtithe sóisialta agus saineolaithe freisin.

Tá eolas agus acmhainní criticiúla ag cuideachtaí le haghaidh freagairtí ar ghéarchéimeanna, mar a léiríodh le paindéim COVID-19. I dtuairim an Rapóirtéara, ní mór cuimsiú cuideachtaí a bheith ina dhlúthchuid d’aon sásra freagartha ar ghéarchéimeanna. Is mian leis an Rapóirtéir rannpháirtíocht níos mó cuideachtaí a chothú trí chead a thabhairt dóibh comhairle a chur ar fáil maidir le bearta géarchéime trí ardán ar líne. Thairis sin, chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí coiteanna earnáilsonracha ar an leibhéal Eorpach, ba cheart don Choimisiún tástálacha struis a dhéanamh ar bhonn deonach sa slabhra soláthair, agus ar an gcaoi sin deis a thabhairt don Choimisiún agus do ghnólachtaí araon dea-chleachtais a fhorbairt maidir le hathléimneacht an tslabhra soláthair.

Creideann an Rapóirtéir nach mór aird níos buaine a thabhairt ar chúlchistí straitéiseacha maidir le hathléimneacht an Aontais a mhéadú, agus tá gá le comhar méadaithe agus malartú dea-chleachtas idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Ag an am céanna, tugann an Rapóirtéir dá aire go bhfuil baol ann go dtiocfaidh méadú ar an nganntanas, go n-ardófar praghsanna, a dhéanfaidh difear don iomaíocht agus do chothrom na féinne, agus go gcuirfear leis an staid mar gheall ar chruthú comhthimthriallach cúlchistí le linn an “Mhodha Aireachais” nó “Mhodha Éigeandála”. Thairis sin, éilíonn cúlchistí straitéiseacha caidrimh sheanbhunaithe idir oibreoirí eacnamaíocha agus socruithe riaracháin a bhaineann go sonrach le gach earnáil. Is fearr is féidir leis na Ballstáit é sin a bhaint amach toisc go bhfuil sásraí seanbhunaithe acu cheana féin chun cúlchistí straitéiseacha a riar. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir ról buan a thabhairt don Choimisiún maidir le comhordú, malartú faisnéise agus dlúthpháirtíocht a chur chun cinn idir na Ballstáit i dtaca le cúlchistí straitéiseacha a riar, agus, ag an am céanna, deireadh a chur leis an gcumhachtú chun stoc-chairn éigeantacha a fhorordú le linn an ‘Mhodha Aireachias’.

**2.3 Modh Éigeandála**

Creideann an Rapóirtéir **nach mór d’fhócas IMERA le linn géarchéime saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus oibrithe a choimirciú mar a chumhdaítear sna conarthaí, go háirithe i gcás éigeandálaí.** Molann an Rapóirtéir gnéithe chéad chaibidil an mhodha éigeandála a neartú agus é a ailíniú leis na conarthaí agus leis an gcásdlí. Thairis sin, is mian leis an Rapóirtéir aird níos mó a tharraingt ar staid na réigiún teorann toisc gurb iad na réigiúin sin is mó atá thíos le teorainneacha ar an tsaorghluaiseacht. Dá bhrí sin, ba mhaith leis díriú ar shainmhíniú aontaithe ar “obair ón mbaile”.

Dar leis an Rapóirtéir, tá cuideachtaí agus fórsaí an mhargaidh lárnach d’aon fhreagairt ar ghéarchéimeanna sa Mhargadh Inmheánach. Cé go bhfeiceann sé go bhfuil gá le horduithe

tosaíochta rátáilte, molann sé feabhsuithe chun saoirse bhreise a chur ar fáil do chuideachtaí agus chun níos mó cinnteachta dlíthiúla a áirithiú. Ós rud é gur chuir gnólachtaí i gcrích in ainneoin gníomhaíochtaí neamhchomhordaithe ag údaráis phoiblí le linn na paindéime, molann an Rapóirtéir iarrataí ar fhaisnéis atá níos teoranta agus níos deonaí. Thairis sin, chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar, cuireann an Rapóirtéir feabhas ar na rialacha lena rialaítear úsáid sonraí agus cosaint rún trádála agus gnó, agus maoine intleachtúla. Thairis sin, molann an Rapóirtéir gnéithe nós imeachta chun a áirithiú go leanfaidh orduithe tosaíochta de bheith ina rogha dheiridh agus nach gcuirfidh siad inmharthanacht eacnamaíoch cuideachtaí i mbaol. Á mheabhrú di go raibh cuideachtaí faoi bhrú trom le linn phaindéim COVID-19, molann an Rapóirtéir coigeartuithe a dhéanamh ar na córais smachtbhannaí chun an t-ioncam níos ísle is dócha a ghinfear le linn géarchéime a léiriú.

Measann an Rapóirtéir gurb í an dlúthpháirtíocht an eochair don mhuinín fhrithpháirteach agus, i ndeireadh na dála, do shaorghluaiseacht réidh earraí, seirbhísí agus oibrithe. Dá bhrí sin, molann sé sásra trína bhféadfaidh na Ballstáit glao ar dhlúthpháirtíocht a sheoladh i gcás ganntanas earraí agus seirbhísí atá ábhartha i gcás géarchéime. Le linn Covid, chuir srianta ar onnmhairiú agus soláthar comhpháirteach Ballstáit an Aontais i gcoinne comharsana atá ar aon intinn leo agus a raibh earraí a bhaineann le géarchéim de dhíth orthu freisin. Chun na cásanna sin a sheachaint amach anseo agus chun an dlúthpháirtíocht Eorpach a neartú, molann an rapóirtéir go n-osclófaí an soláthar comhpháirteach d’Andóra, do Mhonacó agus do San Mairíne, do thíortha is iarrthóirí ar aontachas agus do thíortha de chuid an Limistéir Eorpaigh Saorthrádála.

### 2.3 Uirlisí digiteacha agus comhchuibhiú nósanna imeachta riaracháin

Le linn phaindéim COVID-19, chruthaigh ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin atá éagsúil go náisiúnta maidir le dul isteach i mBallstát eile mearbhall mór agus frustrachas do shaoránaigh, go háirithe oibrithe agus soláthraithe seirbhíse, go háirithe i réigiúin teorann. **Dá bhrí sin, forálann an Rapóirtéir nach mór don Choimisiún uirlisí digiteacha a fhorbairt láithreach atá cosúil leis an deimhniú rathúil idir-inoibritheach COVID-19 chun feidhmiú “lánaí tapa” le haghaidh earraí agus seirbhísí criticiúla a ráthú.** Ní mór don Choimisiún tairseach dhigiteach a chur ar fáil, lena gcumhdófar gach foirm chlárúcháin nó údaraithe le haghaidh gníomhaíochtaí trasteorann, go háirithe i gcás dearbhuithe atá ábhartha i gcás géarchéime atá cosúil le Deimhnithe Covid, agus le haghaidh seirbhísí gairmiúla atá ábhartha i gcás géarchéime chun dlús a chur le nósanna imeachta údarúcháin, clárúcháin nó dearbhaithe.

### 2.4 Rialachas

Léirigh COVID an tábhacht a bhaineann le dea-chomhar idir na rialtais uile i margadh inmheánach an Aontais, ach a thábhachtaí atá grinnscrúdú parlaiminteach freisin. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir **an grúpa comhairleach a mhúnlú i ndiaidh grúpa saineolaithe laistigh de na rialacha seanbhunaithe do na grúpaí sin, rud a thabharfadh suíochán níos buaine do Pharlaimint na hEorpa agus do thíortha LEE/CSTE ag an mbord mar bhreathnóirí**. I bhfianaise chineál ginearálta IMERA, molann an Rapóirtéir freisin feabhas a chur ar shainmhínithe lárnacha, rud a mhéadaíonn deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht.

## 3. Tograí a ghabhann leis

Molann an Rapóirtéir athruithe spriocdhírithe ar an dá thogra a ghabhann leis chun a áirithiú go

n-éascófar saorghluaiseacht earraí comhchuibhithe agus neamh-chomhchuibhithe ar fud AE. Maidir leis na hionstraimí géarchéime atá ar fáil don Choimisiún, molann an Rapóirtéir sásra a chur ar fáil freisin chun táirgí neamh-chomhchuibhithe a chur ar an margadh go tapa, rud a chuirfeadh le hinfhaighteacht trealaimh chosanta phearsanta shábháilte le linn phaindéim Covid. Thairis sin, chun cuideachtaí a dhreasú chun dlús a chur leis an táirgeadh le linn géarchéime, molann an Rapóirtéir díol leanúnach earraí a cuireadh ar an margadh faoi nósanna imeachta éigeandála a cheadú ar feadh tréimhse theoranta ama tar éis dheireadh éigeandáil an mhargaidh aonair, gan cur isteach ar shábháilteacht na dtáirgí.

Creideann an Rapóirtéir gur cheart do IMERA athléimneacht an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú go príomha, lena n-áiritheofar comhordú leanúnach idir na Ballstáit agus lena n-áiritheofar ullmhacht i gcónaí le haghaidh suaití tobanna i gcónaí. Dá bhrí sin, in aimsir géarchéime, ní mór don Mhargadh Inmheánach fanacht oscailte agus feidhmiúil agus tomhaltóirí, oibrithe agus gnólachtaí araon a chosaint ar éigeandálaí.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Déantar an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an dréacht-tuarascáil seo á hullmhú:

| |
|---|
| Affordable Medicines Europe |
| APPLiA - Home Appliance Europe |
| BDA - Bundesvereinigung der Deutschen Arbeitgeberverbände e.V. |
| BDI - Bundesverband der Deutschen Industry e.V. |
| Business Europe |
| BWL - Bundesamt für wirtschaftliche Landesversorgung der Schweiz |
| Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha na hÍsiltíre |
| Eurochambres |
| Eurocommerce |
| France Industrie |
| Aireacht na Gearmáine um an Aeráid agus um an nGeilleagar |
| Independent Retail Europe |
| Misean na Ríochta Aontaithe chuig an Aontas Eorpach |
| NESA - Gníomhaireacht Náisiúnta na Fionlainne um Sholáthar Éigeandála |
| Orgalim |
| Jan Bergmann, Ollamh, Dochtúir le Dlí |
| SME United |

## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Teideal** | lena leasáitear Treoracha 2000/14/CE, 2006/42/CE, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE agus 2014/68/AE a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta éigeandála le haghaidh measúnú comhréireachta, glacadh sonraíochtaí coiteanna agus faireachas margaidh i ngeall ar éigeandáil sa Mhargadh Aonair | | |
| **Tagairtí** | COM(2022)0462 – C9-0313/2022 – 2022/0280(COD) | | |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 19.9.2022 | | |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>21.11.2022 | | |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>21.11.2022 | TRAN<br>21.11.2022 | |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | ENVI<br>25.10.2022 | TRAN<br>27.10.2022 | |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Andreas Schwab<br>16.12.2022 | | |
| **Pléite sa choiste** | 28.3.2023 | 25.4.2023 | 28.6.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 18.7.2023 | | |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +:<br>–:<br>0: | 34<br>2<br>4 | |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrus Ansip, Pablo Arias Echeverría, Alessandra Basso, Brando Benifei, Adam Bielan, Biljana Borzan, Vlad-Marius Botoş, Markus Buchheit, Anna Cavazzini, Deirdre Clune, David Cormand, Alexandra Geese, Sandro Gozi, Maria Grapini, Svenja Hahn, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Kateřina Konečná, Maria-Manuel Leitão-Marques, Antonius Manders, Leszek Miller, Anne-Sophie Pelletier, René Repasi, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Tom Vandenkendelaere, Kim Van Sparrentak, Marion Walsmann | | |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marco Campomenosi, Claude Gruffat, Ivars Ijabs, Karen Melchior, Tsvetelina Penkova, Kosma Złotowski | | |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Eric Minardi, Paulo Rangel, Grzegorz Tobiszowski | | |
| **Dáta don chur síos** | 25.7.2023 | | |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 34 | + |
|---|---|
| ECR | Adam Bielan, Grzegorz Tobiszowski, Kosma Złotowski |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Deirdre Clune, Antonius Manders, Paulo Rangel, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Tom Vandenkendelaere, Marion Walsmann |
| Renew | Andrus Ansip, Vlad-Marius Botoş, Sandro Gozi, Svenja Hahn, Ivars Ijabs, Karen Melchior, Róża Thun und Hohenstein |
| S&D | Brando Benifei, Biljana Borzan, Maria Grapini, Maria-Manuel Leitão-Marques, Leszek Miller, Tsvetelina Penkova, René Repasi, Christel Schaldemose |
| The Left | Kateřina Konečná, Anne-Sophie Pelletier |
| Verts/ALE | Anna Cavazzini, David Cormand, Alexandra Geese, Claude Gruffat, Kim Van Sparrentak |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Virginie Joron, Eric Minardi |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ECR | Eugen Jurzyca |
| ID | Alessandra Basso, Markus Buchheit, Marco Campomenosi |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh